

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 108



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 65

7 Aibreán 2022

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha .... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/556 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte ..... 13
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/557 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte ..... 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/558 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ..... 20

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ..... 51
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/560 ón gCoimisiún an 31 Márta 2022 lena n-athnuaítear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1891) <sup>(1)</sup> ..... 60

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

## MOLTAÍ

- ★ Moladh (AE) 2022/561 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreach na ngliocalcalóideach i bprátaí agus i dtáirgí a dhíorthaítear ó phrátaí ..... 66
- 

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 21, 31.1.2022) ..... 68
- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2195 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 445 I, 13.12.2021) ..... 69

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2022/555 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 352 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (“an Ghníomhaireacht”) le Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle <sup>(2)</sup> chun cúnamh agus saineolas a bhaineann le cearta bunúsacha a chur ar fáil d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus do na Ballstáit.
- (2) Chun raon feidhme na Gníomhaireachta a oiriúnú agus chun cur le rialachas agus éifeachtúlacht oibriú na Gníomhaireachta, ní mór forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 a leasú agus a nuashonrú gan cuspóir ná cúraimí na Gníomhaireachta a athrú.
- (3) I bhfianaise theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ba cheart, le raon feidhme na Gníomhaireachta, go gcumhdófar comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, réimsí atá an-íogair maidir le cearta bunúsacha.
- (4) Ba cheart réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a eisiámh ó raon feidhme na Gníomhaireachta. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do sholáthar cúnaimh agus saineolais arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht, mar shampla gníomhaíochtaí oiliúna maidir le saincheisteanna i leith cearta bunúsacha, d’institiúidí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear dóibh siúd a oibríonn i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.
- (5) Thairis sin, ní mór roinnt leasuithe teicniúla spriocdhírthe a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ionas go bhféadfaí an Ghníomhaireacht a rialú agus a fheidhmiú i gcomhréir le prionsabail an Chur Chuige Choitinn atá i gceangal leis an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an AE agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí dláráithe an 19 Iúil 2012 (‘an Cur Chuige Coiteann’). Tá ailíniú Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 leis na prionsabail a leagtar amach sa Chur Chuige Coiteann in oiriúint d’obair shonrach agus do nádúr na Gníomhaireachta agus tá mar aidhm leis simpliú, rialachas feabhsaithe agus gnóthachain éifeachtúlachta a thabhairt chuig oibriú na Gníomhaireachta.

<sup>(1)</sup> Toiliú an 6 Iúil 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

- (6) Ba cheart sainiú réimsí ghníomhaíochta na Gníomhaireachta a bheith bunaithe ar dhoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta, agus ar an doiciméad sin amháin. Le bheith i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, ar tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> i gcomharbas air, ba cheart deireadh a chur leis an gcur chuige atá ann faoi láthair ina leagtar síos go comhthreomhar Creat Ibhliantúil leathantéamach gach 5 bliana, óir tá sé iomarcach de bharr an doiciméid chlársceidealaithe a bhí á ghlacadh ag an nGníomhaireacht go bliantúil ó bhí 2017 ann. Bunaithe ar chlár oibre beartais an Aontais agus ar riachtanais na ngeallsealbhóirí, leagtar amach go soiléir sa doiciméad clársceidealaithe, na réimsí agus na tionscadail shonracha a mbeidh an Gníomhaireacht ag obair orthu. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a cumas don Gníomhaireacht a cuid oibre agus a fócas téamach thar am a phleanáil agus é a chur in oiriúint go bliantúil do thosaíochtaí a thiofadh chun cinn.
- (7) Ba cheart don Gníomhaireacht a dréachtdoiciméad clársceidealaithe a thfolacadh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus chuig na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh agus chuig an gCoiste Eolaíoch faoin 31 Eanáir gach bliain. Is é an cuspóir atá ann go ndéanfaidh an Gníomhaireacht, agus a cúraimí á gcur i gcrích aici ar bhealach atá go hiomlán neamhspleách, inspioráid a bhaint as pléití nó as tuairimí maidir leis an dréachtdoiciméad clársceidealaithe sin chun an clár oibre is ábhartha a cheapadh chun tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit trí chúnadh agus saineolas a chur ar fáil maidir le cearta bunúsacha.
- (8) Chun cumarsáid rianúil a áirithiú idir an Gníomhaireacht agus na Ballstáit, ba cheart don Gníomhaireacht agus do na hoifigigh idirchaidrimh náisiúnta oibriú le chéile de mheon an dlúthchomhair fhrithpháirtigh. Ba cheart an comhar sin a bheith gan dochar do neamhspleáchas na Gníomhaireachta.
- (9) Chun rialachas agus feidhmiú feabhsaithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta a áirithiú, ba cheart roinnt forálacha i Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 a leasú.
- (10) I bhfianaise an róil thábhachtaigh a bheidh ag an mBord Bainistíochta, ba cheart a chuid comhaltaí a bheith neamhspleách agus eolas maith a bheith acu ar réimse na gcearta bunúsach mar aon le taithí iomchuí bhainistíochta, lena n-áirítear scileanna riaracháin agus buiséadacha.
- (11) Ba cheart a shoiléiriú freisin, cé nach féidir téarmaí chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ná a chomhaltaí malartacha a athnuachan go leantach, gur cheart é a bheith indéanta iarchomhalta nó iarchomhalta malartach a athcheapadh le haghaidh téarma amháin eile nach dtagann díreach i ndiaidh téarma roimhe sin. Má tá bonn cirt leis, de pháirt amháin, gan athnuachaint leantacha a cheadú ar mhaithe lena neamhspleáchas a áirithiú, dhéanadh sé níos éasca é ar na Ballstáit comhaltaí oiriúnacha a cheapadh a chomhlíonadh na ceanglais ar fad, den pháirt eile, dá gceadófaí athcheapadh le haghaidh téarma amháin eile nach dtagann díreach i ndiaidh téarma roimhe sin.
- (12) Maidir le comhaltaí a chur in ionad chomhaltaí nó chomhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta, ba cheart a shoiléiriú go gcuirfidh téarma an chomhalta nua nó an chomhalta malartaigh deireadh le téarma 5 bliana a réamhtheachtaí i ngach cás ina gcuirfeadh deireadh leis an téarma oifige roimh dhul in éag na tréimhse 5 bliana, agus ní hamháin i gcás inar cailleadh neamhspleáchas ach i gcásanna eile freisin amhail éirí as oifig nó bás, ach amháin i gcás inar lú ná 2 bhliain an téarma atá fágtha, agus sa chás sin is féidir tús a chur le téarma nua 5 bliana as an nua.
- (13) Chun ailíniú leis an staid laistigh d'institiúidí an Aontais, ba cheart cumhachtaí an údaráis ceapacháin a thabhairt do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Cé is moite den Stiúrthóir a cheapadh, ba cheart na cumhachtaí sin a tharmligean chuig an Stiúrthóir. Is in imthosca eisceachtúla amháin gur cheart don Bhord Bainistíochta cumhachtaí an údaráis ceapacháin a fheidhmiú maidir le foireann na Gníomhaireachta.
- (14) Chun sáinneacha a sheachaint agus chun imeachtaí vótála a shimpliú maidir le comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin a thoghadh, ba cheart foráil a dhéanamh go dtoghfaidh an Bord Bainistíochta iad trí thromlach chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta a bhfuil cearta vótála acu.
- (15) Chun Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 a ailíniú a thuilleadh leis an gCur Chuige Coiteann agus chun inniúlacht an Bhoird Bainistíochta a neartú maidir le maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú riaracháin, oibríochtúil agus buiséadach na Gníomhaireachta, is gá cúraimí breise a shannadh don Bhord Bainistíochta agus na cúraimí a sannadh don Bhord Feidhmiúcháin a shonrú a thuilleadh. I measc chúraimí breise an Bhoird Bainistíochta, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh: straitéis slándála a ghlacadh, lena n-áirítear rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

mhalartú, straitéis cumarsáide a ghlacadh, agus rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena gcomhaltaí féin agus le comhaltaí an Choiste Eolaíoch. Is é cúram an Bhoird Feidhmiúcháin maoirsiú a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin le haghaidh na gcinntí a bheidh le glacadh ag an mBord Bainistíochta agus ba cheart a shoiléiriú go mbeidh grinnschrúdú ar ábhair a bhaineann leis an mbuiséad nó le hacmhainní daonna ina chuid den chúram sin. Ina theannta sin, ba cheart é a chur de chúram ar an mBord Feidhmiúcháin an straitéis frithchhalaoise a ullmhaíonn an Stiúrthóir a ghlacadh agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach maidir le torthaí iniúchta agus imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Thairis sin, ba cheart, i gcás inar gá, i gcásanna práinne, a fhoráil go bhféadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha a ghlacadh thar ceann an Bhoird Bainistíochta.

- (16) Chun an nós imeachta atá ann faoi láthair a shimpliú, an nós imeachta lena gcuirtear comhaltaí eile in ionad chomhaltaí an Choiste Eolaíoch, ba cheart ligean don Bhoird Bainistíochta an chéad duine eile ar an liosta ionadaithe a cheapadh ar feadh na tréimhse atá fágtha sa téarma oifige i gcás inar gá comhalta eile a chur in ionad comhalta roimh dheireadh a théarma.
- (17) I bhfianaise nós imeachta ceapacháin atá an-iomaíoch agus toisc gur minic líon na n-iarrthóirí a d'fhéadfadh sé a bheith ar a gcumas na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh a bheith íseal, ba cheart a bheith in ann, aon uair amháin, síneadh suas le 5 bliana a chur le téarma oifige Stiúrthóir na Gníomhaireachta, agus feidhmíocht an duine sin mar aon le dualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta sna blianta atá amach romhainn á gcur san áireamh. Thairis sin, de bharr thábhacht an phoist agus an nós imeachta chuimsíthigh a mbíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún páirteach ann, ba cheart tús a chur leis an nós imeachta sin le linn an 12 mhí roimh dheireadh théarma an Stiúrthóra.
- (18) Thairis sin, chun cur le cobhsaíocht shainordú an Stiúrthóra agus, dá bhrí sin, le cobhsaíocht oibriú na Gníomhaireachta, ba cheart an tromlach atá ag teastáil chun dífhostú an duine sin a mholadh a ardú ó thromlach aon trian mar atá faoi láthair go tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta. Ar deireadh, chun freagracht fhoriomlán an Stiúrthóra as bainistiú riaracháin na Gníomhaireachta a shonrú, ba cheart a fhoráil gur ar an Stiúrthóir atá an fhreagracht na cinntí a ghlacann an Bord Bainistíochta a chur chun feidhme, straitéis frithchhalaoise a ullmhú le haghaidh na Gníomhaireachta, agus plean gníomhaíochta a ullmhú chun obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta inmheánacha nó seachtracha agus ar imscrúduithe OLAF agus OIPE.
- (19) Chun Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 a ailíniú leis an gCur Chuige Coiteann, ní mór a fhoráil gur cheart don Choimisiún an mheastóireacht ar an Gníomhaireacht a choimisiúnú gach 5 bliana.
- (20) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*“Airteagal 2*

#### **Cuspóir**

Beidh mar chuspóir leis an nGníomhaireacht cúnaimh agus saineolas a bhaineann le cearta bunúsacha a chur ar fáil d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme, chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus bearta á ndéanamh nó gníomhaíochtaí á gceapadh acu faoina raonta inniúlachta faoi seach chun cearta bunúsacha a urramú go hiomlán.”;

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*“Airteagal 3*

#### **Raon feidhme**

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht a cúraimí chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh laistigh d'inniúlachtaí an Aontais.

2. Agus a cúraimí á ndéanamh aici, tagróidh an Ghníomhaireacht do na cearta bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

3. Pléifidh an Ghníomhaireacht le saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha san Aontas agus sna Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme, cé is moite de ghníomhartha nó de ghníomhaíochtaí an Aontais nó na mBallstát a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála nó a dhéantar faoi chuimsiú an chomhbheartais sin.”;

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) faisnéis agus sonraí ábhartha, oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a bhailiú, a thaifeadadh, a anailísiú agus a scaipeadh, lena n-áirítear torthaí ó thaighde agus faireachán arna gcur in iúl di ag na Ballstáit, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ag lárionaid taighde, comhlachtaí náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe ag comhlachtaí inniúla Chomhairle na hEorpa;”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

“(c) taighde eolaíoch agus suirbhéanna eolaíocha, staidéir ullmhúcháin agus staidéir indéantachta a dhéanamh, dul i gcomhar maidir leis na gníomhaíochtaí sin nó na gníomhaíochtaí sin a spreagadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus inar comhoiriúnach lena cuid tosaíochtaí agus lena clár oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún;

(d) conclúidí agus tuairimí ar thopaicí téamacha sonracha a fhoirmlíú agus a fhoilsiú, d’institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ní fhéadfaidh na conclúidí, na tuairimí agus na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 a bheith bainteach le tograí ón gCoimisiún faoi Airteagal 293 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach (CFAE) ná le seasaimh a ghlacann na hinstiúidí le linn nósanna imeachta reachtacha ach amháin i gcás ina ndearnadh iarraidh ón institiúid faoi seach i gcomhréir le mír 1, pointe (d). Ní dhéileálfaidh siad le dlíthiúlacht gníomhartha de réir bhrí Airteagal 263 CFAE ná leis an gceist ar mhainnigh Ballstát oibleagáid a chomhlíonadh faoi na Conarthaí de réir bhrí Airteagal 258 CFAE.”;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“3. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch sula nglacfar leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (e);

4. Tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh gach bliain, tíolacfaidh an Ghníomhaireacht na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (e) agus (g) chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iníúcháir, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún.”;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

“Airteagal 5

### **Réimsí gníomhaíochta**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a cúraimí ar bhonn a clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil, clár a bheidh i gcomhréir leis na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil. Beidh an méid sin gan dochar d’fhreagairtí na Gníomhaireachta ar iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún faoi Airteagal 4(1), pointí (c) agus (d) nach dtagann faoi na réimsí a shocraítear leis na clár oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, ar choinníoll go gceadófar sin lena hacmhainní airgeadais agus daonna.”;

- (5) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 5a

#### **Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil**

1. Gach bliain, dréachtóidh an Stiúrthóir dréachtdoiciméad clársceidealaithe, ina mbeidh na cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún (\*).
2. Tíolacfaidh an Stiúrthóir an dréachtdoiciméad clársceidealaithe chuig an mBord Bainistíochta. Tíolacfaidh an Stiúrthóir an dréachtdoiciméad clársceidealaithe, arna fhorghníú ag an mBord Bainistíochta, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain. Sa Chomhairle, pléfidh an comhlacht inniúil ullmhúcháin an dréachtchlár oibre ilbhliantúil agus d’fhéadfadh an comhlacht sin iarraidh ar an nGníomhaireacht an dréacht sin a chur i láthair.
3. Ina theannta sin, tíolacfaidh an Stiúrthóir an dréachtdoiciméad clársceidealaithe chuig na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus chuig an gCoiste Eolaíoch tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain d’fhonn deis a thabhairt do na Ballstáit ábhartha agus don Choiste Eolaíoch a dtuairimí maidir leis an dréacht a thabhairt.
4. I bhfianaise thoradh an phlé laistigh de chomhlacht inniúil ullmhúcháin na Comhairle agus i bhfianaise na dtuairimí arna bhfáil ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ón gCoiste Eolaíoch, tíolacfaidh an Stiúrthóir an dréachtdoiciméad clársceidealaithe chuig an mBord Bainistíochta lena ghlacadh. Cuirfidh an Stiúrthóir an doiciméad clársceidealaithe a ghlacadh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 8(1).

(\*) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do chomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).”;

- (6) in Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí na mBallstát;”;

- (7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

#### **An caidreamh le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais**

Áiritheoidh an Gníomhaireacht comhordú iomchuí le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais. Leagfar téarmaí an chomhair síos i meabhráin tuisceana i gcás inarb iomchuí.”;

- (8) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ainmneoidh gach Ballstát oifigeach rialtais mar oifigeach náisiúnta idirchaidrimh.

Is é an t-oifigeach náisiúnta idirchaidrimh príomhphointe teagmhála na Gníomhaireachta sa Bhallstát.

Oibreoidh an Gníomhaireacht agus na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh le chéile de mheon an chomhair fhrithpháirtigh agus an dlúthchomhair.

Cuirfidh an Gníomhaireacht gach doiciméad arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 4(1) in iúl do na hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Na socruithe riaracháin le haghaidh comhar de bhun mhír 2, comhlíonfaidh siad dlí an Aontais agus glacfaidh an Bord Bainistíochta iad ar bhonn an dréachta a thíolacfaidh an Stiúrthóir tar éis don Choimisiún tuairim a thabhairt uaidh. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl nach n-aontaíonn sé leis na socruithe sin, déanfaidh an Bord Bainistíochta iad a athscrúdú agus a ghlacadh, maille le leasuithe i gcás inar gá sin, trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí uile.”;

- (9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

### Comhar le Comhairle na hEorpa

Chun dúbláil a sheachaint agus chun comhlántacht agus breisluach a áirithiú, déanfaidh an Gníomhaireacht a gníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa, go háirithe maidir lena cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla, agus comhar leis an tsochaí shibhialta i gcomhréir le hAirteagal 10.

Chun na críche sin, déanfaidh an tAontas, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 CFAE, comhaontú le Comhairle na hEorpa chun dlúthchomhar idir an Chomhairle agus an Gníomhaireacht a bhunú. Áireofar sa chomhaontú sin go gceapfaidh Comhairle na hEorpa duine neamhspleách le suí ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus ar a Bord Feidhmiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 12 agus 13.”;

- (10) in Airteagal 10(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) moltaí a chur chuig an mBord Bainistíochta maidir leis na cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla a ghlacfar de bhun Airteagal 5a.”;

- (11) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

“1. Beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta de dhaoine a bhfuil eolas maith acu ar réimse na gceart bunúsach agus beidh taithí iomchuí acu ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach a bhainistiú, lena n-áirítear scileanna riaracháin agus buiséadacha, mar a leanas.”;

- (ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

“Féachfaidh na Ballstáit, an Coimisiún agus Comhairle na hEorpa le hionadaíocht chomhionann ban agus fear ar an mBord Bainistíochta a bhaint amach.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

“3. 5 bliana a mhairfidh téarma oifige chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta. Féadfar iarchomhalta nó iarchomhalta malartach a athcheapadh le haghaidh téarma amháin eile nach dtagann díreach i ndiaidh téarma roimhe sin.

4. Cé is moite de ghnáthionadú comhalta nó bás comhalta, ní thiocfaidh deireadh le téarma oifige an chomhalta nó an chomhalta mhalartaigh go dtí go n-éireoidh sé as oifig. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta nó comhalta malartach critéir an neamhspleáchais a thuilleadh áfach, éireoidh sé as oifig láithreach agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus don Stiúrthóir. Sna cásanna sin nach gnáthionadú comhalta iad, ceapfaidh an páirtí lena mbaineann comhalta nua nó comhalta malartach nua ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige. Má shuíonn an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrían dá chomhaltaí nó ón gCoimisiún, nach gcomhlíonann comhalta nó comhalta malartach ar leith critéir an neamhspleáchais a thuilleadh, ceapfaidh an páirtí lena mbaineann comhalta nua nó comhalta malartach nua ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige freisin. I gcás inar lú ná 2 bhliain an téarma oifige atá fágtha, féadfar síneadh ama a chur le téarma oifige an chomhalta nua nó an chomhalta mhalartaigh nua ionas gur téarma iomlán 5 bliana a bheidh i dtéarma an tsainordaithe sin.

5. Toghfaidh an Bord Bainistíochta a Chathaoirleach, a Leas-Chathaoirleach agus an dá chomhalta eile den Bhord Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(1) as measc na gcomhaltaí dá chuid a ceapadh de bhun mhír 1, pointe (a) den Airteagal seo ar feadh téarma 2 bhliain go leith, ar féidir síneadh a chur leis uair amháin.

Toghfar Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta tríd an tromlach dhá thrían de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta dá dtagraítear i mír 1, (a) agus (c) den Airteagal seo. Toghfar an dá chomhalta eile den Bhord Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(1) tríd an tromlach de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta dá dtagraítear i mír 1,(a) agus (c) den Airteagal seo.”;

- (c) leasaítear mír 6 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

“(a) cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla na Gníomhaireachta a ghlacadh;



- (b) na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (e) agus (g) a ghlacadh, agus na torthaí a bhaintear amach i gcuid (g) go háirithe a chur i gcomparáid le cuspóirí na gclár oibre bliantúil agus ilbhliantúil;”;
- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (e):
- “(e) i gcomhréir le míreanna 7a agus 7b den Airteagal seo, i ndáil le foireann na Gníomhaireachta, go bhfeidhmeofar na cumhachtaí arna dtabhairt ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (‘na Rialacháin Foirne’) agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais (‘na Coinníollacha Fostaíochta’), ar an údarás ceapacháin mar a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 (\*) ón gComhairle agus ar an údarás ar tugadh an chumhacht dó conradh fostaíochta a thabhairt i gcrích, faoi seach (‘cumhachtaí an údaráis ceapacháin’);
- \_\_\_\_\_
- (\*) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.”;
- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):
- “(i) na rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;”;
- (iv) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:
- “(m) straitéis slándála a ghlacadh, lena n-áirítear rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais a mhalartú;
- (n) rialacha a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i ndáil lena chuid comhaltaí chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolaíoch;
- (o) an straitéis cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (h) a ghlacadh agus a nuashonrú go tráthrialta.”;
- (d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach :
- “7a Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta, lena ndéanfar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligeán chuig an Stiúrtóir agus lena saineofar na coinníollacha faoinar féidir an tarmligeán cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrtóir na cumhachtaí sin a fho-tharmligeán.
- 7b Más rud é gur gá sin de dheasca imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí bhíthin cinnidh, tarmligeán cumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrtóir, chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo-tharmligeán ag an Stiúrtóir, a chur ar fionraí go sealadach agus na cumhachtaí sin a fheidhmiú é féin, nó iad a tharmligeán chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne eile seachas an Stiúrtóir.”;
- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 8, 9 agus 10:
- “8. Mar riail ghinearálta, is le tromlach na gcomhaltaí ar fad a ghlacfar cinntí an Bhoird Bainistíochta.
- Is le tromlach dhá thrian de na comhaltaí ar fad a ghlacfar na cinntí dá dtagraítear i mír 6, pointí (a) go (e), (g), (k) agus (l).
- Is d’aon toil a ghlacfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 25(2).
- Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta, nó ag comhalta malartach an chomhalta sin má bhíonn sé as láthair. Beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach.
- Féadfaidh an duine a cheapfaidh Comhairle na hEorpa vótáil ar na cinntí dá dtagraítear i mír 6, pointí (a), (b) agus (k), agus ar na cinntí sin amháin.
9. Tionólfaidh an Cathaoirleach an Bord Bainistíochta 2 uair sa bhliain, gan dochar do chruinnithe urghnácha. Tionólfaidh an Cathaoirleach cruinnithe urghnácha ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún nó ó thrian ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.
10. Féadfaidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch agus Stiúrtóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta mar bhreathnóirí. Féadfaidh Stiúrtóirí gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais chomh maith le stiúrtóirí comhlachtaí idirnáisiúnta eile a luaitear in Airteagail 8 agus 9 a bheith i láthair mar bhreathnóirí freisin i gcás ina bhfaighidh siad cuireadh ón mBord Feidhmiúcháin déanamh amhlaidh.”;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

“Airteagal 13

### **An Bord Feidhmiúcháin**

1. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnadh don Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin maoirsiú ar an obair ullmhúcháin is gá le haghaidh na gcinntí a bheidh le glacadh ag an mBord Bainistíochta. Déanfaidh sé grinnscrúdú go háirithe ar ábhair a bhaineann leis an mbuiséad nó le hacmhainní daonna.
2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas freisin:
  - (a) doiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 5a a athbhreithniú, bunaithe ar dhréacht a ullmhóidh an Stiúrthóir, agus é a thíolacadh chuig an mBord Bainistíochta lena ghlacadh;
  - (b) dréachtbhuiséad bliantúil na Gníomhaireachta a athbhreithniú agus é a thíolacadh chuig an mBord Bainistíochta lena ghlacadh;
  - (c) an dréacht-tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a athbhreithniú agus í a thíolacadh chuig an mBord Bainistíochta lena ghlacadh;
  - (d) straitéis frithchhalaoise a ghlacadh le haghaidh na Gníomhaireachta a bheidh comhréireach leis na rioscaí calaoise, a chuirfidh costais agus tairbhí na mbeart atá le cur chun feidhme san áireamh agus a bhunófar ar dhréacht arna ullmhú ag an Stiúrthóir;
  - (e) obair leantach leordhóthanach a áirithiú maidir leis na torthaí agus na moltaí a eascróidh as na tuarascálacha iniúchta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, agus as imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE);
  - (f) cúnadh a thabhairt don Stiúrthóir, gan dochar dá fhreagrachtaí a leagtar amach iad in Airteagal 15(4), agus comhairle a chur air nó uirthi maidir le cinntí an Bhoird Bainistíochta a chur chun feidhme d’fhonn an mhaoirseacht ar bhainistiú riaracháin agus buiséadach a atreisiú.
3. I gcás inar gá, ar chúiseanna práinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha a dhéanamh thar ceann an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear cinntí maidir le tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin a chur ar fionraí i gcomhréir leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 12(7a) agus (7b) agus maidir le cúrsaí buiséadacha.
4. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, dhá chomhalta eile den Bhord Bainistíochta a thoghfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 12(5) agus duine d’ionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta.

Féadfaidh an duine a cheapfaidh Comhairle na hEorpa ar an mBord Bainistíochta a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin.

5. Reáchtálfaidh an Cathaoirleach an Bord Feidhmiúcháin. Féadfar é a reáchtáil ar iarraidh ó chomhalta dá chuid freisin. Glacfaidh sé a chuid cinntí trí thromlach na gcomhaltaí atá i láthair. Féadfaidh an duine a cheapfaidh Comhairle na hEorpa vótáil ar ítimí a bhaineann leis na cinntí a bhfuil cead vótála ag an duine sin ina dtaobh sa Bhord Bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 12(8).

6. Glacfaidh an Stiúrthóir páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin ach ní bheidh cearta vótála aige.”;

(13) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Beidh an Coiste Eolaíoch comhdhéanta de 11 duine neamhspleácha atá ardcháilithe i réimse na gceart bunúsach, agus inniúlachtaí leordhóthanacha acu i modheolaíochtaí cáilíochta eolaíche agus taighde eolaíoch. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an 11 chomhalta agus déanfaidh sé liosta ionadaithe a fhorhmeas arna bhunú de réir ord fiúntais tar éis glao trédhearcach ar iarratais agus nós imeachta roghnúcháin trédhearcach agus tar éis dul i gcomhairle le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa. Airitheoidh an Bord Bainistíochta ionadaíocht chothrom gheografach agus féachfaidh sé le hionadaíocht chomhionann ban agus fear ar an gCoiste Eolaíoch a bhaint amach. Ní bheidh comhaltaí den Bhord Bainistíochta ina gcomhaltaí den Choiste Eolaíoch. Sna rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(6), pointe (g) leagfar síos na coinníollacha mionsonraithe lena rialófar ceapadh an Choiste Eolaíoch.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh comhaltaí an Choiste Eolaíoch neamhspleách. Ní fhéadfar iad a ionadú ach amháin ar iarraidh uathu féin nó i gcás nach féidir leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh go buan. I gcás nach gcomhlíonann comhalta critéir an neamhspleáchais a thuilleadh, áfach, éireoidh sé as a oifig láithreach agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus don Stiúrthóir. De rogha air sin, féadfaidh an Bord Bainistíochta, de bharr moladh ó thrian de na comhaltaí nó ón gCoimisiún, easpa neamhspleáchais a dhearbhu agus ceapadh an duine lena mbaineann a chúlghairm. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an chéad duine eile atá ar fáil ar an liosta ionadaithe ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige. I gcás inar lú ná 2 bhliain an téarma oifige atá fágtha, féadfar síneadh ama a chur le téarma oifige an chomhalta nua, ionas gur téarma iomlán 5 bliana a bheidh sa téarma sin. Cuirfear liosta comhaltaí an Choiste Eolaíoch ar fáil don phobal agus déanfaidh an Gníomhaireacht é a nuashonrú ar a suíomh gréasáin.”;

- (c) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Cuirfidh an Coiste Eolaíoch an Stiúrthóir agus an Gníomhaireacht ar an eolas go háirithe faoin modheolaíocht taighde eolaíoch a chuirtear i bhfeidhm in obair na Gníomhaireachta.’;

- (14) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

“3. Mairfidh téarma oifige an Stiúrthóra 5 bliana.

I gcaitheamh an 12 mhí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana sin déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun an méid seo a leanas, go háirithe, a mheasúnú:

- (a) feidhmíocht an Stiúrthóra;

- (b) dualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta sna blianta atá le teacht.

Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an mheastóireacht á cur san áireamh aige, síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra uair amháin go ceann tréimhse nach mó ná 5 bliana.

Cuirfidh an Bord Bainistíochta Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir lena rún síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra. Laistigh de thréimhse nach faide ná mí amháin sula ndéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh foirmiúil síneadh a chur leis an tréimhse oifige sin, féadfar iarraidh ar an Stiúrthóir dearbhú a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó na comhaltaí a fhreagairt.

I gcás nach gcuirfear síneadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir in oifig go dtí go gceapfar a chomharba.

4. Beidh an Stiúrthóir freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4 a dhéanamh agus, go háirithe, na doiciméid a tharraingeofar suas i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointí (a) go (h) i gcomhar leis an gCoiste Eolaíoch a ullmhú agus a fhoilsiú;

- (b) doiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 5a a ullmhú agus a chur chun feidhme;

- (c) gnóthaí riaracháin ó lá go lá;

- (d) cur chun feidhme na gcinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta;

- (e) buiséad na Gníomhaireachta a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 21;

- (f) nósanna imeachta éifeachtacha faireacháin agus meastóireachta a chur chun feidhme a bhaineann le feidhmiú na Gníomhaireachta i bhfianaise a cuspóirí i gcomhréir le caighdeán agus táscairí feidhmíochta a aithnítear go proifisiúnta;

- (g) plean gníomhaíochta a ullmhú chun obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí na meastóireachtaí siarghabhálacha lena ndéanfar measúnú ar fheidhmiú na gclár agus na ngníomhaíochtaí lena ngabhann caiteachas suntasach, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/715;

- (h) tuairisc a thabhairt go bliantúil don Bhord Bainistíochta maidir le torthaí an chórais faireacháin agus meastóireachta;

- (i) straitéis frithchaloise don Ghníomhaireacht a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena formheas;
  - (j) plean gníomhaíochta a ullmhú chun obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí na dtuarascálacha iniúchta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, mar aon le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF agus tuairisc a thabhairt don Choimisiún agus don Bhord Bainistíochta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh;
  - (k) an comhar le hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh;
  - (l) an comhar leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear comhordú an Chláir Oibre um Chearta Bunúsacha i gcomhréir le hAirteagal 10.”;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. I gcás mí-iompair, feidhmíocht mhíshásúil nó neamhrialtachtaí athfhillteacha nó tromchúiseacha, féadfar an Stiúrthóir a dhífhostú roimh dhul in éag a théarma le cinneadh ón mBord Bainistíochta, ar bhonn moladh ó thromlach dhá thrian dá chomhaltaí nó ón gCoimisiún.”;

- (15) In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. I gcás ina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cinntí faoi Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, féadfar gearán a thaisceadh leis an Ombudsman nó féadfar caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (An Chúirt Bhreithiúnais), dá bhforáiltear in Airteagail 228 agus 263 CFAE, faoi seach.”;

- (16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

“Airteagal 19

#### **Athbhreithniú ag an Ombudsman**

Beidh oibríochtaí na Gníomhaireachta faoi réir mhaoirseacht an Ombudsman i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.”;

- (17) leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

- (a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Is é a bheith in ioncam na Gníomhaireachta, gan dochar d’acmhainní eile, fóirdheontas ón Aontas, a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais (roinn an Choimisiúin).”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7 Ar bhonn an mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais na meastacháin sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta agus méid an fhóirdheontais a mhuirearófar ar an mbuiséad ginearálta, a chuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 314 CFAE.”;

- (18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

“Airteagal 24

#### **An fhoireann**

1. Beidh feidhm maidir le foireann na Gníomhaireachta agus maidir lena Stiúrthóir ag Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta agus ag na rialacha arna nglacadh go comhpháirteach ag institiúidí an Aontais chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta a chur i bhfeidhm.

2. Féadfaidh an Bord Bainistíochta forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit a fhostú ar iasacht chuig an nGníomhaireacht.”;

- (19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

“Airteagal 26

#### **Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus CFAE, maidir leis an nGníomhaireacht.”;

(20) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3 Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh i gcoinne na Gníomhaireachta faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 263 agus 265 CFAE.”;

(21) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Is le cinneadh ón gComhairle Comhlachais ábhartha a chinnfear an rannpháirtíocht dá dtagraítear i mír 1 agus na módúlachtaí ábhartha, agus stádas sonracha gach tíre á chur san áireamh. Léireoidh an cinneadh, go háirithe, cineál, méid agus modh na rannpháirtíochta a bheidh ag na tíortha sin in obair na Gníomhaireachta, laistigh den chreat a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscnaimh a dhéanfaidh an Gníomhaireacht, leis an ranniocaíocht agus leis an bhfoireann. Leis an gCinneadh, comhlíonfar an Rialachán seo agus na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta. Forálfar leis an gcinneadh go bhféadfaidh an tír rannpháirteach duine neamhspleách a chomhlíonfaidh na cáilíochtaí le haghaidh daoine dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (a) a cheapadh ina bhreathnóir ar an mBord Bainistíochta gan ceart vótála a bheith ag an duine sin. Ar chinneadh ón gComhairle Comhlachais, féadfaidh an Gníomhaireacht plé le saincheistanna a bhaineann le cearta bunúsacha faoi raon feidhme Airteagal 3(1) sa tír ábhartha, a mhéid is gá chun an tír sin a ailíniú de réir a chéile le dlí an Aontais.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh cuireadh a thabhairt do thír lena bhfuil Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais tugtha i gcrích ag an Aontas a bheith rannpháirteach sa Gníomhaireacht mar bhreathnóir. Má dhéanann sí amhlaidh, beidh feidhm dá réir sin ag mír 2.”;

(22) Scriostar Airteagal 29;

(23) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Meastóireachtaí agus athbhreithniú”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

“3. Tráth nach déanaí ná 28 Aibreán 2027, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht a choimisiúnú chun measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre. Cuirfear tuairimí an Bhoird Bainistíochta agus geallsealbhóirí eile san áireamh sa mheastóireacht ar leibhéal an Aontais agus náisiúnta ar aon.

4. Tráth gach dara meastóireacht dá dtagraítear i mír 3, déanfar measúnú freisin ar na torthaí a bhain an Gníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá tascanna. Féadfar aghaidh a thabhairt sa mheastóireacht go háirithe ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú agus ar impleachtaí airgeadais aon mhodhnuithe den sórt sin.

5. Tíolacfaidh an Coimisiún conclúidí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 3 chuig an mBord Bainistíochta. Scrúdóidh an Bord Bainistíochta conclúidí na meastóireachta agus eiseoidh sé pé moltaí a mbeidh gá leo chuig an gCoimisiún i dtaca le hathruithe sa Gníomhaireacht, lena cleachtais oibre agus le raon feidhme a misin.

6. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 3 agus na moltaí ón mBord Bainistíochta dá dtagraítear i mír 5. Poibleofar torthaí na meastóireachta sin agus na moltaí sin.”;

(24) Scriostar Airteagal 31.

## Airteagal 2

### Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Aibreán 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
B. LE MAIRE

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/556 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Aibreán 2022**  
**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle <sup>(2)</sup> i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.
- (3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.
- (4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse trí mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.
- (5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

*Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,  
Ar son an Uachtaráin,  
Gerassimos THOMAS  
An tArd-Stiúrthóir  
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais  
Chustaim*

---



## IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
<p>Tacar a thuiriscítear mar 'córas ilchodach le haghaidh deisiú fíaclóireachta' atá cóirithe lena miondíol i mbosca cartáin ina gcuirtear na heilimintí uile i láthair in éineacht le treoir úsáide.</p> <p>Tá an tacar comhdhéanta de na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Leafaóis déanta teimhneach (2×2ml);</li> <li>— Leafaóis thréshoilseacha le haghaidh corp, scroig agus faobhar fíacla. (4×4g);</li> <li>— Prímeálach grianghraif miotail ("Metal Photo Primer"] (1×7ml);</li> <li>— Scuab (1 lámh + 10 bharr);</li> <li>— Miasa aon uaire;</li> <li>— Pillín páipéir;</li> <li>— Clúdach cosanta solais.</li> </ul> <p>Tá na leafaóis, atá ina n-ábhair chomhchodacha, bunaithe ar mheataicrioláití agus líonach neamhorgánach agus cuirtear i láthair iad i steallairí atá réidh le húsáid.</p> <p>Is leacht greamaitheach é an prímeálach grianghraif, a nascann miotail agus ábhair chomhchodacha le chéile.</p> <p>Cuirtear i láthair na comhpháirteanna den tacar lena n-úsáid le chéile san fíaclóireacht chun corónacha (cinn shealadach agus bhuaana), droichid, inleaganacha, onleaganacha, veinirí agus corónacha poircealláin tosaigh a mhonarú, chun athchóirithe a dheisiú agus mar líonta déidliachta.</p>	<p>3006 40 00</p>	<p>Is le rialacha ginearálta 1, 3(b) agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le nóta 4(f) a ghabhann le Caibidil 30 agus le foclaíocht chóid AC 3006 agus 3006 40 00 a chinntear an t-aicmiú.</p> <p>Eisiatar an táirge óna aicmiú faoi cheannteideal 9021, toisc nach táirge réamhdhéanta é (amhail coróin) atá cosúil le haon chuid éalangach den chorp ina dhreach (féach freisin Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 9021, Roinn III, an chéad mhír agus Cuid (B), pointe (4) agus an chéad abairt den dara fómhír).</p> <p>Is iad na hábhair chomhchodacha atá líonta i steallairí na comhpháirteanna is saintréith don tacar. Féadfar iad a úsáid san fíaclóireacht mar líonta fíaclóireachta, táirgí a chumhdaítear faoi cheannteideal 3006 (nóta 4 (f) a ghabhann le Caibidil 30, féach freisin Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe thuasluaite a ghabhann le ceannteideal 9021, Roinn III, Cuid (B), an dara fómhír, an chéad abairt).</p> <p>Eisiatar an táirge óna aicmiú faoi cheannteideal 3824 agus faoi cheannteideal 3906 mar go gcumhdaítear é go sonrach le foclaíocht Nóta 4 (f) a ghabhann le Caibidil 30, mar líonadh déidliachta.</p> <p>Dá bhrí sin, fearacht líonta eile déidliachta, is faoi chód AC 3006 40 00 atá an táirge le haicmiú.</p>

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/557 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Aibreán 2022**  
**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle <sup>(2)</sup> i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.
- (3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.
- (4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse trí mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.
- (5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

*Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

<sup>(1)</sup> IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Gerassimos THOMAS  
*An tArd-Stiúrthóir*  
*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais*  
*Custaim*

---

## IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
<p>1) An codán próitéinsaibhir ó dheighilt plúir pise ina chodán próitéinsaibhir agus ina chodán stáirse-shaibhir arna chur i láthair i bhfoirm púdair bhéasa mhín nó i bhfoirm millíní, i málaí beaga (15 go 20 kg) nó i málaí móra (500 go 1 000 kg).</p> <p>Tá na saintréithe anailíseacha seo a leanas ag an táirge (meáchan tirim na gcomhábhar):</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cion stáirse 7,5 %</li> <li>— cion próitéine 54 %</li> </ul> <p>Táirgtear an táirge ó phiseanna triomaithe (<i>Pisum sativum</i>), a nitear, a scilligtear agus a mheiltear chun plúr pise a fháil. Déantar an plúr a dheighilt ansin, i ndeighilteoir lártheifeach, ina chodán próitéinsaibhir agus ina chodán stáirse-shaibhir. I ndiaidh an phróisis sin, bíonn an codán próitéinsaibhir i bhfoirm púdair nó bíonn sé ceirteánaithe ina mhillíní.</p> <p>Aithnítear an táirge mar fharae agus is mar sin amháin a úsáidtear é.</p>	2309 90 31	<p>Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le Nóta 1 a ghabhann le Caibidil 23 agus le foclaíocht na gcód AC 2309, 2309 90 agus 2309 90 31.</p> <p>Tá saintréithe bunúsacha an ábhair bhunaidh cailte ag an táirge trí bhíthin a chodánaithe i ndeighilteoir lártheifeach. Dá bhrí sin, déantar an táirge a eisiáimh óna aicmiú faoi cheannteideal 1106 mar phlúr ó ghlasra léagúmacha triomaithe, agus eisiatar é freisin óna aicmiú faoi cheannteideal 2005 mar tháirge glasra a ndearnadh ullmhú breise air.</p> <p>Eisiatar é freisin óna aicmiú faoi cheannteideal 2302 óir ní iarmhar é an táirge ó chriathrú, ó rilleadh ná ó oibriú eile plandaí léagúmacha (féach Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 2302, Ítim (C)). Is d'aon ghnó a táirgeadh an táirge ó phlúr pise. Rinneadh próiseáil bhreise air, agus is mar fharae ainmhithe a úsáidtear é agus mar sin amháin (féach freisin Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le Caibidil 23).</p> <p>Dá bhrí sin, is faoi chód AC 2309 90 31 atá an táirge le haicmiú, mar ullmhóid eile de chineál a úsáidtear mar bheatha ainmhithe, ina bhfuil cion stáirse is lú ná 10 % de réir meáchain.</p>
<p>2) An codán stáirse-shaibhir ó dheighilt plúir pise ina chodán próitéinsaibhir agus ina chodán stáirse-shaibhir arna chur i láthair i bhfoirm púdair bhánbhuí nó i bhfoirm millíní, i mbulc nó i málaí móra (25 go 1 000 kg).</p> <p>Tá na saintréithe anailíseacha seo a leanas ag an táirge (meáchan tirim na gcomhábhar):</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cion stáirse 73 %</li> <li>— cion próitéine 13 %</li> </ul>	2309 90 51	<p>Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le Nóta 1 a ghabhann le Caibidil 23 agus le foclaíocht na gcód AC 2309, 2309 90 agus 2309 90 51.</p> <p>Tá saintréithe bunúsacha an ábhair bhunaidh cailte ag an táirge trí bhíthin a chodánaithe i ndeighilteoir lártheifeach. Dá bhrí sin, déantar an táirge a eisiáimh óna aicmiú faoi cheannteideal 1106 mar phlúr ó ghlasra léagúmacha triomaithe, agus eisiatar é freisin óna aicmiú faoi cheannteideal 2005 mar tháirge glasra a ndearnadh ullmhú breise air.</p>

<p>Táirgtear an táirge ó phiseanna triomaithe (<i>Pisum sativum</i>), a nitear, a scilligtear agus a mheiltear chun plúr pise a fháil. Déantar an plúr a dheighilt ansin, i ndeighilteoir lártheifeach, ina chodán próitéinsuibhir agus ina chodán stáirse-shaibhir. I ndiaidh an phróisis sin, bíonn an codán stáirse-shaibhir i bhfoirm púdair nó bíonn sé ceirtleánaithe ina mhillíní. Aithnítear an táirge mar fharae agus is mar sin amháin a úsáidtear é.</p>		<p>Eisiatar é freisin óna aicmiú faoi cheannteideal 2302 óir ní iarmhar é an táirge ó chriathrú, ó rilleadh ná ó oibriú eile plandaí léagúmacha (féach Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 2302, Ítim (C)). Is d'aon ghnó a táirgeadh an táirge ó phlúr pise. Rinneadh próiseáil bhreise air, agus is mar fharae ainmhithe a úsáidtear é agus mar sin amháin (féach freisin Nóta Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le Caibidil 23).</p> <p>Dá bhrí sin, is faoi chód AC 2309 90 51 atá an táirge le haicmiú, mar ullmhóid eile de chineál a úsáidtear mar bheatha ainmhithe, ina bhfuil cion stáirse is mó ná 30 % de réir meáchain.</p>
---	--	---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/558 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 6 Aibreán 2022**

**lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**1. NÓS IMEACHTA**

**1.1. Tionscnamh**

- (1) An 17 Feabhra 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“PRC”, “an tSín” nó “an tír lena mbaineann”) ar bhonn an bhun-Rialacháin. D’fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>.

**1.2. Clárúchán**

- (2) Toisc nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, níor ghá allmhairí den táirgelen a mbaineann le linn na tréimhse réamhnocht a chlárú.

**1.3. Bearta sealadacha**

- (3) An 17 Meán Fómhair 2021, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna sealadacha agus sonraí maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 19ú den bhun-Rialachán (réamhnochtadh). Chuir trí pháirtí barúlacha isteach. Bhí na tuairimí ginearálta, áfach, agus ní raibh baint acu le cruinneas na ríomhanna. Dá bhrí sin, níor tugadh aghaidh ar na barúlacha sin ach ag céim chinntitheach.
- (4) An 14 Deireadh Fómhair 2021, rinne an Coimisiún dleacht frithdhumpála shealadach a fhorchur ar allmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte ar de thionscnamh na Síne iad le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1812 <sup>(3)</sup> ón gCoimisiún (“an Rialachán sealadach”).

**1.4. An nós imeachta ina dhiaidh sin**

- (5) Tar éis nochtadh na bhfioras agus na mbreithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a forchuireadh an dleacht shealadach frithdhumpála (“an nochtadh sealadach”), rinne na gearánaigh, na táirgeoirí onnmhairithe samplála, Comhlachas Tráchtála na Síne (CCCME), roinnt úsáideoirí lena n-áirítear Comhlachas Cruach na hEorpa (“Eurofer”), roinnt allmhaireoirí agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (“GC”) aighneachtaí i scríbhinn a chomhdú inar cuireadh a dtuairimí in iúl maidir leis na cinntí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 57, 17.2.2021, lch. 3).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1812 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 366, 15.10.2021, lch. 62).

- (6) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, tugadh deis do na páirtithe leasmhara a d'iarr amhlaidh éisteacht a fháil. Tharla éisteachtaí leis na gearánaigh, Eurofer, NLMK Europe ("NLMK"), Misano S.p.A. ("Misano") agus Imerys France ("Imerys"). ("Misano") agus Imerys France ("Imerys").
- (7) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí deiridh. Chun na críche sin, eagraíodh cian-seiceálacha breise ("RCCanna") le dhá tháirgeoir samplaithe Aontais, eadhon GrafTech France S.N.C. ("GrafTech France") agus Showa Denko Europe GmbH ("Showa Denko"), agus táirgeoir onnmhairithe amháin, eadhon Nantong Yangzi Co., Ltd. ("Grúpa Yangzi").
- (8) An 19 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar an mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte ar de thionscnamh na Síne iad ("an nochtadh deiridh"). Ceadaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.
- (9) Tar éis an nochtadh deiridh, tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Tharla éisteachtaí leis na gearánaigh, CCCME agus Fangda Carbon Co., Ltd ("Grúpa Fangda").
- (10) Breithníodh na barúlacha a thíolaic na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad sa Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí. Bunaithe ar na tuairimí a chuir Liaoning Dantan Technology Group Co., Ltd. ("Liaoning Dantan"), rinne an Coimisiún athbheithniú ar a chinntí maidir le ríomh a chorrlaigh dumpála agus nocht sé don pháirtí iad.

#### 1.5. Éileamh ar úsáid iomarcach faisnéise rúnda

- (11) Mhaígh CCCME go raibh an gearán ag brath an iomarca ar fhigiúirí rúnda agus d'iarr sé ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh sna himeachtaí seo agus cinn a bheidh ann amach anseo chun a áirithiú gur féidir le páirtithe barúlacha ábhartha agus fiúntacha a dhéanamh.
- (12) Mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise bhunriachtanach agus achoimrí neamhrúnda uile ar na sonraí atá marcáilte mar shonraí rúnda sa leagan den ghearán a bhí ar oscailt lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara chun gur féidir le páirtithe leasmhara barúlacha bríochacha a thabhairt agus a gceart chun cosanta a fheidhmiú le linn na himeachta.
- (13) Mheabhraigh an Coimisiún thairis sin go gceadaítear le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6.5 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ("ADA") faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste suntasach iomaíochta ann d'iomaítheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin, nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis, nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis.
- (14) Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

#### 1.6. Iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar na bearta frithdhumpála a chur ar fionraí de bhun Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán

- (15) Tar éis nochtadh sealadach agus deiridh, d'áitigh Misano, Grúpa Fangda agus CCCME gur cheart na bearta frithdhumpála a chur ar fionraí de bhun Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán i ngeall ar athruithe ar an margadh a tharlóidh tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdaithe.
- (16) Gan dochar do shainphribhléid eisiach an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún dá aire ag an bpointe seo nár chuir na páirtithe sin aon fhianaise ar fáil chun tacú le cinneadh nár gortaíodh tionscal an Aontais a thuilleadh. Ina ionad sin, thagair na páirtithe do na hionchais fáis, méaduithe ar phraghsanna agus laghduithe a bhfuiltear ag súil leo ar mhéid na n-allmhairí chun éileamh a dhéanamh nach dócha go leanfaidh díobháil ar aghaidh nó go dtarlóidh siad arís. Mar a míníodh san aithris thíos, chinn an Coimisiún nach gá go gciallóidh méaduithe ar phraghas líomhnaithe ar allmhairí ón tSín go raibh díobháil ann nó go gcuirfí deireadh leis an díobháil sin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta ag an gcéim seo.

### 1.7. Sampláil

- (17) In éagmais barúlacha maidir le sampláil, deimhníodh aithrisí (12) go (17) den Rialachán sealadach.

### 1.8. Tréimhse an imscrúdaithe agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (18) Faoi ar a luaitear in aithris (24) den Rialachán sealadach, chumhdaigh an t-imscrúdú dumpáil agus díobháil le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 (“an tréimhse imscrúdaithe” nó “IP”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe (“an tréimhse faoi bhreathnú”).
- (19) Léirigh roinnt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Trasteel Idirnáisiúnta SA (“Trasteel”), gur áiríodh sa tréimhse a measadh tréimhse ina raibh praghsanna thar a bheith ard a bhaineann le ganntanas soláthair agus praghsanna méadaithe an phríomh-amháibhar (2017-2018) agus tháinig deireadh léi le tréimhse a ndeachaigh paidéim COVID-19 i bhfeidhm uirthi (2020). D'iarr siad go n-áireodh an tréimhse a measadh 2016 nuair a measadh go raibh an margadh “gnáth”. Tar éis an nochtadh d'athdhearbhaigh Trasteel a n-iarratas.
- (20) Diúltaíodh don iarratas sin. Cinneadh an tréimhse a measadh tráth a tionscanta agus cumhdaíodh, de réir cleachtais sheanbhunaithe, an tréimhse imscrúdaithe agus na trí bliana féilire roimhe sin. Thug an anailís ar an tréimhse sin na sonraí riachtanacha don Choimisiún chun torthaí cruinne a fháil, trína bhféadfaí aon chúinsí eisceachtúla a chur san áireamh.

## 2. AN TÁIRGE I dTRÁCHT AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. Maímh maidir le raon táirge agus eisiaimh táirgí

- (21) Ag an gcéim shealadach, fuair táirgeoir de chuid an Aontais (Sangraf an Iodáil), úsáideoir (NLMK), allmhairgeoir neamhghaolmhar (CTPS Srl) agus CCCME Comhlachas Tráchtála na Síne ceithre mhaíomh maidir le raon feidhme na dtáirgí. Mar a míníodh in aithrisí (30) go (38) den Rialachán sealadach, dhiúltaigh an Coimisiún do thrí cinn de na hiarrataí ar eisiaimh ach ghlac sé leis na nippleanna a allmhairíodh ar leithligh ó raon feidhme an imscrúdaithe a eisiaimh.
- (22) Tar éis nochtadh sealadach, mhaígh an GOC, Eurofer, NLMK, Imerys, Misano, Fangda Group agus Liaoning Dantan nár bhreithnigh an Coimisiún go hiomlán na difríochtaí sna cineálacha táirgí leictreoidí graifíte. De réir na bpáirtithe leasmhara sin, ar thaobh amháin, tá an chuid is mó de na leictreoidí graifíte arna n-onnmhairiú ag an tSín chuig an Aontas ina leictreoidí trastomhas beag ardchumhacht (“HP”) nó ardchumhacht (“SHP”) leictreoidí a úsáidtear i bhfoirnéisí dréimire, agus líon beag leictreoidí trastomhas mór ultra-ard cumhachta (“UHP”). Ar an taobh eile, táirgeann tionscal an Aontais leictreoidí den chuid is mó de thrastomhas UHP a úsáidtear i bhfoirnéisí leictreacha stua. Na páirtithe leasmhara a leanas go leictreoidí HP/SHP ar thaobh amháin, agus UHP electrode ar an lámh eile, go bhfuil ionchur ábhar (coke), teicneolaíocht táirgthe, úsáid táirge agus ar chaighdeán, agus baineann sé le deighleoga éagsúla sa mhargadh. Ní féidir ionadú frithpháirteach a dhéanamh. D'iarr siad go ndéanfadh na leictreoidí beaga (le sainmhíniú éagsúla): Ag a bhfuil trastomhas de 500 mm nó níos lú i gcás Eurofer, a bhfuil trastomhas de 350 mm nó níos lú acu le haghaidh NLMK, le trastomhas 500 mm nó níos lú le haghaidh Íomhána, le trastomhas de 130-250 mm i gcás COMAP, le trastomhas 450 mm nó níos lú i gcás Fangda Group agus CCCME, ba chóir é a eisiaimh ón raon feidhme.
- (23) Tar éis an nochtadh d'heiridh, rinne Eurofer, Grúpa Fangda agus CCCME a n-éilimh athuair. Ina theannta sin, d'iarr CTPS Srl nach mór leictreoidí trastomhas de 400 mm nó níos lú a chur as an áireamh. Iarradh ar thrasteil, áfach, leictreoidí a bhfuil trastomhas de 450 mm nó níos lú acu a chur san áireamh. D'áitigh siad nach bhfuil dóthain táirgeachta ag an Aontas maidir leis na leictreoidí trastomhais bheaga sin. Ina theannta sin d'áitigh siad go bhfuil líon mór leictreoidí graifíte le trastomhas os cionn 350 mm leictreoidí HP a úsáidtear i bhfoirnéisí dréimire agus gur chóir iad a eisiaimh chomh maith as an raon feidhme. Dhiúltaigh an Coimisiún do na héilimh sin mar gheall ar an gcinneadh sna haithrisí thíos.
- (24) Ag an am céanna, tar éis an nochtadh d'heiridh, chuir táirgeoirí an Aontais i gcoinne leictreoidí graifíte a bhfuil trastomhas de 350 mm nó níos lú acu a eisiaimh ó raon feidhme an táirge. D'áitigh táirgeoirí an Aontais go bhfuil siad in ann táirgeadh leictreoidí graifíte a bhfuil trastomhas 350 mm acu a mhéadú. Dar leo, ba é an laghdú ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin leictreoidí graifíte san Aontas a bhfuil trastomhas 350 mm acu thar an tréimhse a measadh an toradh, agus ní an chúis, ar an sreabhadh méadaitheach allmhairí éagóracha ar phraghas íseal ón tSín.



- (25) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur tháinig meath ar tháirgeadh leictreoidí graifíte de thrastomhas 350 mm nó níos lú in 2018, tráth a raibh an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais ag méadú agus go raibh sciar an mhargaidh sa tSín ag laghdú. Ina dhiaidh sin, nuair a thosaigh sciar mhargadh na Síne ag méadú in 2019 agus 2020, tháinig laghdú ar tháirgeadh an Aontais de gach méid leictreoidí. Níor chuir na treochtaí sin ar chumas an Choimisiúin ráitis tháirgeoirí an Aontais a dheimhniú ina leith sin.
- (26) Tar éis an nochtá dheiridh, d'iarr Henschke GmbH an t-aicmiú RP/HP/SHP/UHP a úsáid agus leictreoidí graifíte RP/HP/SHP a eisiáimh ó fhorchur na mbeart frithdhumpála. Dhiúltaigh an Coimisiún an t-éileamh sin. Mar a mhínítear in aithris (37) den Rialachán sealadach, níl aon chaighdeán oifigiúil tionscail ann lena bhféadfaí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na gráid éagsúla leictreoidí graifíte, go háirithe idir gráid HP/SHP agus UHP.
- (27) Chinn an Coimisiún gur leictreoidí graifíte de ghrád HP/SHP iad den chuid is mó leictreoidí graifíte trastomhais níos lú, ach tá leictreoidí graifíte níos mó de ghrád UHP. Mar sin féin, in éagmais sainmhíniú beacht ar na gráid éagsúla, tá an chuma a bheith forluí i méideanna timpeall trastomhais de 400-500 mm. Ina theannta sin, fuair an Coimisiún freisin go bhfuil leictreoidí grád HP/SHP a úsáidtear de ghnáth i bhfoirnéisí dréimire Cé go bhfuil leictreoidí graifíte grád UHP a úsáidtear beagnach go heisiach i bhfoirnéisí stua leictreacha. Cé gur chuir na gearánaigh samplaí ar fáil nuair nach amhlaidh an cás, bhí an chuma air, mar sin féin, go bhfuil an idirmhalartaithe sin an-teoranta.
- (28) Chinn an Coimisiún freisin go n-úsáidtear leictreoidí beaga ar mhéid níos lú sa phróiseas táirgthe, leictreoidí beaga de ghrád níos ísle, cé gur úsáideadh cóc snáthaide ardháilíochta agus costasach chun leictreoidí UHP níos mó a tháirgeadh. Dhealraigh sé freisin go raibh an próiseas táirgthe, cé go éagsúil ó tháirgeoir amháin go ceann eile, go ginearálta níos giorra agus níos simplí do leictreoidí HP/SHP ná do leictreoidí UHP (m.sh. próiseas graifithe níos giorra, líon níos ísle de impregnation agus rebaking). Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil difríocht áirithe idir saintréithe teicniúla agus úsáidí idir leictreoidí graifíte trastomhais níos lú agus níos mó.
- (29) Thuairiscigh roinnt úsáideoirí de chuid an Aontais deacrachtaí maidir le leictreoidí graifíte trastomhais bheaga a sholáthar ó tháirgeoirí an Aontais agus d'áitigh siad nár tháirg tionscal an Aontais méideanna leordhóthanacha leictreoidí, toisc gur dhírigh sé ar leictreoidí trastomhais níos mó nó ar leictreoidí de ghrád níos airde. D'áitigh siad freisin, seachas an tSín, go bhfuil roinnt foinsí malartacha soláthair ar fáil de cháilíocht leordhóthanach. Thug an Coimisiún dá aire ag an am céanna go raibh úsáid acmhainne thionscal an Aontais cothrom le 55,8 % agus dá bhrí sin go bhfuil cumas spártha ag tionscal an Aontais níos mó trastomhais a tháirgeadh.
- (30) Thug an Coimisiún dá aire freisin gur táirgeadh íosta a bhí i dtáirgeadh an Aontais de leictreoidí graifíte a bhfuil trastomhas ainmniúil 350 mm nó níos lú acu agus gur lú an táirgeadh sin ná 1 % de tháirgeadh leictreoidí graifíte san Aontas. Ina theannta sin, léirigh an t-imscrúdú gur táirgeadh cainníochtaí níos suntasaí san Aontas de leictreoidí graifíte a bhfuil trastomhas ainmniúil 400 mm nó níos mó acu.
- (31) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, cé nach bhfuil aon teorainn shoiléir ann ó thaobh méide idir leictreoidí HP/SHP agus leictreoidí graifíte UHP, leictreoidí graifíte ag a bhfuil trastomhas ainmniúil de 350 mm nó níos lú le feiceáil den chuid is mó, más rud é nach bhfuil siad go heisiach, leictreoidí HP/SHP. Tá úsáidí, próisis táirgthe agus saintréithe teicniúla difriúla ag baint leo sin i gcomparáid le leictreoidí UHP. Is iad na leictreoidí UHP freisin na leictreoidí arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais agus ar féidir le hallmhairí dumpáilte roinnt éifeachtaí diúltacha a fheidhmiú ina leith.
- (32) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí leictreoidí graifíte a eisiáimh ó raon feidhme an tairge a bhfuil trastomhas ainmniúil acu arb ionann é agus 350 mm nó ar lú é ná sin.

## 2.2. Conclúid

- (33) Dhearbhagh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (32) go (33) den Rialachán sealadach chun nipleaí a eisiáimh ó raon feidhme na dtáirgí.
- (34) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún, mar a mhínítear thuas, leictreoidí graifíte a bhfuil trastomhas ainmniúil de 350 mm (\*) nó níos lú acu a eisiáimh ó raon feidhme an tairge.

(\*) Ag féachaint do na trastomhais caighdeánach agus an lamháltas ginearálta breathnaithe sa tionscal, gan leictreoidí graifíte le trastomhas ainmniúil de 350 mm nó níos lú a chinntiú i gcleachtas go mbeidh roinnt leictreoidí beagán níos mó titim fós faoin eisiáimh.

### 3. DUMPÁIL

- (35) I ndiaidh nochtadh sealadach, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte, ó Rialtas na Síne agus ó CCCME agus ón ngearánach maidir leis na torthaí sealadacha dumpála.

#### 3.1. Gnáthluach

- (36) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (47) go (168) den Rialachán sealadach.

##### 3.1.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (37) Tar éis nochtadh sealadach, chuir an GOC, chomh maith le CCCME agus Liaoning Dantan, barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (38) Chuir an GOC isteach, ar an gcéad dul síos, go raibh locht ar an gcéad tuarascáil tíre maidir leis an PRC (dá ngairtear “an Tuarascáil” anseo feasta) <sup>(5)</sup> agus nach bhfuil bunús fíorasach agus dlí ag cinntí atá bunaithe ar an tuarascáil sin. Ar dhóigh níos sonraí, mhaígh Rialtas na Síne go bhfuil sé in amhras gur féidir leis an Tuarascáil a bheith ina léiriú ar sheasamh oifigiúil an Choimisiúin. Ó thaobh na bhfíoras de, dar le Rialtas na Síne, tá mífhaisnéis sa Tuarascáil agus tá sí leataobhach agus gearrtha amach ón bhfírinne. Thairis sin, tá an fíoras gur eisigh an Coimisiún tuarascálacha tíre le haghaidh roinnt tíortha roghnaithe áirithe ina ábhar inní maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair (“MFN”). Thairis sin, dar le Rialtas na Síne, níl sé i gcomhréir le spiorad an dlí chothroim chóir é go mbraithfeadh an Coimisiún ar an bhfianaise sa Tuarascáil, toisc gurb ionann é sin go héifeachtach agus breithiúnas a thabhairt ar an gcás roimh an triail.
- (39) I ndáil leis an gcéad phointe maidir le stádas na Tuarascála faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, mheabhraigh an Coimisiún nach ndéanann Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán formáid shonrach a fhorordú le haghaidh na dtuarascálacha maidir le saobhadh suntasach, ná nach sainmhíonann an fhoráil sin modh foilseacháin. Mheabhraigh an Coimisiún gur doiciméad teicniúil é seo bunaithe ar fhíorais a úsáidtear i gcomhthéacs imscrúduithe cosanta trádála amháin. Is amhlaidh atá, dar le Rialtas na Síne, maidir le measúnú a dhéanamh ar phraghas agus ar chostais thionscal an Aontais Eorpaigh. Thagair Rialtas na Síne i dtaca leis sin do chleachtais fhorleithne laistigh den Aontas a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar inní maidir le saobhadh margaidh. I ndáil leis an argóint maidir le stádas na Tuarascála faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, mheabhraigh an Coimisiún nach ndéanann Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán formáid shonrach a fhorordú le haghaidh na dtuarascálacha maidir le saobhadh suntasach, ná nach sainmhíonann an fhoráil sin modh foilseacháin. Doiciméad teicniúil atá sa tuarascáil atá bunaithe ar fhíorais a úsáidtear i gcomhthéacs imscrúduithe cosanta trádála amháin. Maidir leis na barúlacha faoin Tuarascáil a bheith lochtach ó thaobh na bhfíoras de agus leataobhach, luaigh an Coimisiún gur doiciméad cuimsitheach é an Tuarascáil atá bunaithe ar fhianaise oibiachtúil fhorleathan, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile arna bhfoilsíú ag Rialtas na Síne, tuarascálacha tríú páirtí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Ó cuireadh ar fáil go poiblí i mí na Nollag 2017 í, bhí neart deiseanna ag aon pháirtí leasmhar í a fhrisnéis, a fhorlíonadh nó barúil a thabhairt ar an Tuarascáil agus ar an bhfianaise ar a bhfuil sí bunaithe. Níor sholáthair aon pháirtí aon fhaisnéis go dtí seo lena gcruthaítear gur mhícheart na foinsí a úsáideadh sa Tuarascáil.
- (40) Mar fhreagra ar mhaíomh Rialtas na Síne maidir le sárú chóir na Náisiúin Barrfhabhair, mheabhraigh an Coimisiún, mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán, nach gcuirfeadh tuarascáil tíre le chéile maidir le haon tír ach amháin i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin. Ar theacht i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i mí na Nollag 2017, bhí léirithe den sórt sin ag an gCoimisiún maidir le saobhadh suntasach i ndáil leis an tSín. D’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil freisin maidir le saobhadh sa Rúis i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus, i gcás inarb iomchuí, d’fhéadfadh tuarascálacha eile a theacht ina diaidh. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil sé sainordaitheach go ndéantar na tuarascálacha chun Airteagal 2(6a) a chur i bhfeidhm. Tugtar tuairisc in Airteagal 2(6a)(c) ar na coinníollacha maidir leis an gCoimisiún a bheith ag eisiúint tuarascálacha de réir tíre, agus de réir Airteagal 2(6a)(d) níl aon dualgas ar ghearánaigh an tuarascáil a úsáid ná ní coinníoll é tuarascáil tíre a bheith ann chun imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 2(6a) de réir Airteagal 2(6a)(e). De réir Airteagal 2(6a)(e), má thugann na gearánaigh fianaise leordhóthanach a chruthaíonn go bhfuil saobhadh suntasach in aon tír, fianaise a chomhlíonann critéir Airteagal 2(6a)(b), is leor é sin chun imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin. Dá bhrí sin, na rialacha maidir le saobhadh suntasach a bhaineann le tír ar leith, tá feidhm acu maidir le gach tír gan aon idirdhealú, agus beag beann ar an tuarascáil a bheith déanta ar thír. Dá thoradh sin, ní sháraíonn na rialacha a bhaineann le saobhadh tíre cóir na náisiúin barrfhabhair de réir an tsainmhíneithe sin.

<sup>(5)</sup> Doiciméad Immheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2

- (41) Ar an dara dul síos, d'áitigh Rialtas na Síne go bhfuil ríomh an ghnáthluacha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le ADA, go háirithe le hAirteagal 2.2. ADA lena soláthraítear liosta uileghabhálach de chásanna inar féidir an gnáthluach a ríomh, ach gan “saobhadh suntasach” a bheith liostaithe i measc na gcásanna sin. Thairis sin, tá úsáid sonraí ó thír ionadaíoch iomchuí, de réir Rialtas na Síne, ar neamhréir le hAirteagal VI.1(b) agus Airteagal 2.2.1.1. GATT den Chomhaontú Frithdhumpála, lena gceanglaítear costas táirgthe sa tír thionscnaimh a úsáid agus an gnáthluach á ríomh.
- (42) Ar an tríú dul síos, mhaígh Rialtas na Síne, i dteannta CCCME agus Liaoning Dantan nach bhfuil cleachtais imscrúdaithe an Choimisiúin faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le rialuithe EDT a mhéid a rinne an Coimisiún, de shárú ar Airteagal 2.2.1.1. ADA, neamhaird do thaifid na dtáirgeoirí Síneacha gan a chinneadh cibé acu a bhfuil na taifid sin i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta sa tSín nó nach bhfuil. I dtaca leis sin, mheabhraigh Rialtas na Síne gur dhearbhaigh an Comhlacht Achomhairc san Aontas Eorpach – Bearta frithdhumpála maidir le bithdhíosal ón Airgintín (“DS473”) agus Tuarascáil an Phainéil, An tAontas Eorpach – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas II (An Rúis) (“DS494”) de réir Airteagal 2.2.1.1 ADA, fad agus atá na taifid arna gcoinneáil ag an onnmhaireoir nó ag an táirgeoir faoi imscrúdú comhfhreagrach – laistigh de theorainneacha inghlactha – ar bhealach cruinn agus iontaofa, leis na costais iarbhír uile a thabhaigh an táirgeoir nó an t-onnmhaireoir áirithe le haghaidh an táirge lena mbaineann, gur féidir a mheas go dtugann siad “léiriú réasúnta ar na costais atá bainteach le táirgeadh agus díol an táirge lena mbaineann” agus gur cheart don údarás imscrúdaithe na taifid sin a úsáid chun costas táirgthe na dtáirgeoirí faoi imscrúdú a chinneadh.
- (43) A bhaineann leis an dara agus an tríú hargóint maidir le neamhoiriúnacht líomhnaithe Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le dlí EDT, go háirithe forálacha Airteagal 2.2. agus 2.2.1.1. Ada, chomh maith leis na torthaí in DS473 agus DS494, rinne an Coimisiún tagairt d'aithris (54) den Rialachán sealadach i gcás inar diúltaíodh cheana féin d'éilimh chomhchosúla ó pháirtithe leasmhara. Thairis sin, maidir leis an maíomh nach liostaítear coincheap an tsaofa shuntasáigh a chuimsítear in Airteagal 2(6a) den bun-Rialachán i measc na gcásanna inar ceadmhach an gnáthluach a ríomh de bhun Airteagal 2.2. ADA, mheabhraigh an Coimisiún nach gá don dlí náisiúnta na téarmaí ceannann céanna leis na téarmaí atá sna Comhaontuithe cumhdaithe a úsáid chun bheith i gcomhréir leis na Comhaontuithe sin, agus go measann sé go gcomhlíonann Airteagal 2(6a) rialacha ábhartha ADA go hiomlán (agus go háirithe na féidearthachtaí a fhoráiltear in Airteagal 2.2 ADA maidir leis an gnáthluach a ríomh). Ar aon chuma, toisc nach bhfuil aon eilimintí nua sna héilimh sin, diúltaíodh dóibh.
- (44) Ar an gceathrú dul síos, d'áitigh Rialtas na Síne gur cheart don Choimisiún a bheith comhsheasmhach agus scrúdú iomlán a dhéanamh ar cibé acu a bhfuil saobhadh suntasach, a ngairtear de, sa tír ionadaíoch nó nach bhfuil. Is ionann glacadh le sonraí na tíre ionadaíche go héasca gan meastóireacht den sórt sin agus “caighdeán dhúbailte”. Is amhlaidh atá, dar le Rialtas na Síne, maidir le measúnú a dhéanamh ar phraghas agus ar chostais thionscal an Aontais Eorpaigh.
- (45) I ndáil leis an gceathrú pointe inar iarradh ar an gCoimisiún a dhéanamh amach nach ndéanann saobhadh margaidh difear do shonraí tríú tír a úsáideadh in imeachtaí an Choimisiúin, mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, nach dtéann sé ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh ar bhonn sonraí roghnaithe seachas praghsanna agus costais intíre sa tír is onnmhaireoir ach amháin i gcás ina suíonn sé gurb iad na sonraí sin is iomchuí chun praghsanna agus costais neamhsaofa a léiriú. Sa phróiseas sin, tá an Coimisiún faoi cheangal sonraí neamhsaofa amháin a úsáid. I ndáil leis an méid sin, iarrtar ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí atá beartaithe chun an gnáthluach a chinneadh i gcéimeanna tosaigh an imscrúdaithe. Cuirtear na barúlacha sin san áireamh ina n-iomláine sa chinneadh deiridh ón gCoimisiún maidir leis na sonraí neamhsaofa ba cheart a úsáid chun an gnáthluach a ríomh. Maidir le hiarraidh Rialtas na Síne go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht ar shaobhadh féideartha i margadh inmheánach an Aontais Eorpaigh, níor léir don Choimisiún go mbaineann an pointe sin le hábhar i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (46) Ar an gcúigiú dul síos, d'áitigh Liaoning Dantan gur sholáthair an Coimisiún ráiteas an-ghinearálta in aithris (54) den Rialachán sealadach agus nár mhínigh sé go sainráite an bunús dlí i gComhaontuithe EDT, lena n-áirítear Prótocal Aontachais na Síne leis an EDT, chun tacú le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. In éagmais réasúnú an-soiléir maidir leis an bhfáth a bhfuil an Coimisiún den tuairim sin, ní chomhlíonann nochtadh an Choimisiúin na caighdeáin dhlíthiúla maidir le ráiteas leordhóthanach ar chúiseanna a thugann údar lena chinneadh Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.
- (47) Maidir leis an gcúigiú argóint a d'ardaigh Liaoning Dantan, d'eaontaigh an Coimisiún. In aithris (54) den Rialachán sealadach, leag an Coimisiún amach an fáth a bhfuil reachtaíocht an AE atá i bhfeidhm comhoiriúnach don Eagraíocht Dhomhanda Trádála. I ndáil le hargóint Liaoning Dantan a bhaineann le Prótocal Aontachais na Síne, mheabhraigh an Coimisiún, maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le táirgí ón tSín, go bhfuil feidhm fós, agus an gnáthluach á chinneadh, ag na codanna de Roinn 15 de Phrótocal Aontachais na Síne le EDT nach bhfuil

imithe in éag, i leith chaighdeán an gheilleagair margaidh mar aon le húsáid modheolaíochta nach bhfuil bunaithe ar chomparáid dhocht le costais nó le praghsanna sa tSín. Thairis sin, dealraíonn sé go gcuireann Lianoning Dantan teorainn leis an oibleagáid na cúiseanna le cur i bhfeidhm substainteach Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur in iúl le hoibleagáid airbheartaithe míniú a thabhairt ar bhunús dlí an EDT a thacaíonn le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mhínigh an Coimisiún go mionsonraithe in aithrisí (57) go (113) den Rialachán sealadach na cúiseanna le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus ar an gcaoi sin comhlíonann sé go hiomlán a oibleagáid dhlíthiúil maidir le ráiteas leordhóthanach ar chúiseanna thabhairt. Ar an drochuair, diúltaíodh argóint Liaoning Dantan.

- (48) Sa bhreis ar na hargóintí maidir le comhoiriúnacht na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, mhaígh CCCME freisin nach bhfuil sna pleananna cúig bliana sa tSín ach treoir dhoiciméid ina gcuirtear tuairimí beartais in iúl don todhchaí. Níl na pleananna ceangailteach dá réir sin, dar le CCCME, ó tharla freisin nach nglactar ar an mbealach céanna iad agus a ghlactar dlíthe nó foraitheanta. Thairis sin, thug CCCME ar aird gur féidir doiciméid chomhchosúla a aimsiú san Eoraip, lena n-áirítear, i measc nithe eile, dhoiciméid bheartais an Choimisiúin.
- (49) Maidir le maíomh CCCME nach bhfuil doiciméid pleanála na Síne de chineál ceangailteach, mheabhraigh an Coimisiún go leagtar amach tosaíochtaí le córas pleanála na Síne lena bhforordaítear na spriocanna nach mór don rialtas láir agus do na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach níos ísle den rialtas. Mar a thugtar tuairisc mhionsonraithe orthu sa Tuarascáil, tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach le firinne, agus fágann an córas pleanála go mbíonn acmhainní á leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh<sup>(6)</sup>. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (50) Sa bhreis air sin, ní raibh Liaoning Dantan sásta gur luaigh an Coimisiún roinnt tosca trasghearrtha atá ann sa tSín chun a léiriú gurb ann do shaobhadh suntasach. Go háirithe, d'áitigh Liaoning Dantan nach bhfuil a bheith ina chomhalta agus stiúrtóir seasamh don tSín Carbon Industry Association méid idirghabháil an stáit isteach oibriú Liaoning Dantan, gan trácht ar aon tionchar a imirt ar a chinntí gnó. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Liaoning Dantan go raibh sé go hiomlán faoi réir rialacha rialachais chorparáidigh chomhaimseartha atá margadhthreoraithe agus é ina cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh sé freagrach do scairshealbhóirí príobháideacha na cuideachtaí amháin ó thaobh a ghníomhaíochtaí oibriúcháin de faoi Dhlí Cuideachta na Síne. Thairis sin, d'áitigh Liaoning Dantan nárbh ionann idirghabháil ón stát, dá mba ann di, agus saobhadh suntasach, agus go bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún éifeacht saofa na n-idirghabhálacha líomhnaithe ón stát ar a phraghsanna agus a chostais a shuí.
- (51) Ní fhéadfaí glacadh le hargóintí Liaoning Dantan maidir leis an easpa líomhnaithe de shaobhadh suntasach in ainneoin idirghabhálacha rialtais atá ann cheana féin. Ar an gcéad dul síos, níor thug Liaoning Dantan aon fhaisnéis a chaithfeadh amhras ar bharúlacha an Choimisiúin (féach aithris (90) den Rialachán sealadach) maidir le leictreoidí graifíte a bheith á mheas mar earnáil spreagtha agus é a bheith faoi réir saobhadh suntasach dá bhrí sin. Baineann an rud céanna leis an saobhadh i ndáil leis na hionchuir atá riachtanach le haghaidh mhonarú an táirge faoi imscrúdú (féach go háirithe aithrisí (90) agus (110) den Rialachán sealadach). Ar an dara dul síos, cé gur mheas Liaoning Dantan a bheith ina chomhalta agus ina stiúrtóir ar Chumann Tionscail Carbóin na Síne, ní dhearna sé agóid maidir leis an mbreathnóireacht a rinneadh in aithris (86) den Rialachán sealadach gurb é cuspóir an chomhlachais ná “líne, treoir línte agus beartais an pháirtí a chur chun feidhme” agus “cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne”. Ar an tríú dul síos, maidir le maíomh Liaoning Dantan gur cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach faoi rialachas corparáideach comhaimseartha atá ann, thug an Coimisiún tuairisc in aithrisí (57) go (111) den Rialachán sealadach ar na idirghabhálacha suntasacha ón stát sa tSín a fhágann go ndéantar saobhadh ar leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh. Bíonn tionchar ag an saobhadh sin ar na hoibreoirí tráchtála gan beann ar an struchtúr úinéireachta nó an socrú bainisteoireachta atá acu. Dá bhrí sin, diúltaíodh na héilimh sin.
- (52) Ar an nochtadh deiridh, chuir an GOC, chomh maith le CCCME, Liaoning Dantan agus Grúpa Fangda tuilleadh barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (53) D'athdhearbhaigh an Chomhairle a tuairim go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le ADA agus go bhfuil lochtanna fíorasacha agus dlíthiúla sa Tuarascáil.

<sup>(6)</sup> Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.

- (54) Go sonrach, d'áitigh an GOC go sáraíonn ábhar na Tuarascála raon feidhme cuí na n-imscrúduithe frithdhumpála, go míníonn sé institiúidí na Síne agus go gcaitheann sé leis na buntáistí iomaíocha dlisteanacha a bhaineann le cuideachtaí Síneacha agus leis na gnáthdhifriochtaí institiúideacha idir an tSín agus an AE mar bhunús leis an gconclúid go bhfuil geilleagar na Síne faoi thionchar saobhadh suntasach sa mhargadh. I dtaca leis sin, cháin an GOC cleachtas an Choimisiúin deis a thabhairt do na páirtithe uile bréagnú, forlíonadh nó tuairim a thabhairt ar an Tuarascáil. Ina ionad sin, d'áitigh an GOC gurbh é iarraidh na Síne é ón tús gur heart don Choimisiún an Tuarascáil a tharraingt siar, seachas í a fhorlíonadh nó a mhodhnú, agus nach raibh aon oibleagáid nó aon ghá le ráiteas a thabhairt ar an Tuarascáil ag an GOC.
- (55) Ina theannta sin, mheas an GOC go raibh cleachtas imscrúdaithe an Choimisiúin ar neamhréir le hAirteagal 2.2.1.1 de thuairiscí an Choimisiúin maidir le réiteach díospóide in DS473 agus in DS494, sa mhéid is nár chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid chun a chruthú nach léiríonn an saobhadh suntasach margaidh taifid chuntasáiochta na bhfiontar Síneach go réasúnta i bhfianaise na gcostas táirgthe agus díolacháin a bhaineann leis na táirgí atá faoi imscrúdú, ós rud é gur fiontair aonair seachas rialtais nó institiúidí iad an toradh atá ar an anailís sin. Dá bhrí sin, ní féidir le beartais mhaicreacnamaíocha leathana na Síne ná le ballraíocht i ngnóthas i gcomhlachas tionscail saincheisteanna sonracha a mhíniú amháil gan sonraí faoi chostais fiontair a bheith ar fáil.
- (56) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ar an gcéad dul síos, maidir le lochtanna fíorasacha líomhnaithe na Tuarascála, ní dhéanann an GOC ach an argóint a ardaíodh níos luaithe agus tugadh aghaidh uirthi san aithris. Maidir leis an iarraidh ó GOC an Tuarascáil a tharraingt siar seachas deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara tuairim a thabhairt ar an ábhar atá inti, mheabhraigh an Coimisiún, de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascálacha a chur ar fáil agus a chur ar fáil go poiblí ina dtugtar tuairisc ar chúinsí ábhartha an mhargaidh nuair atá léirithe a bhfuil bunús maith leo go bhfuil saobhadh suntasach ann – mar atá i gcás an PRC – ach go gcaithfidh an Coimisiún deis fhairsing a thabhairt do pháirtithe leasmhara frísneis, forlíonadh, tuairim nó brath ar thuarascálacha den sórt sin agus ar an mbunfianaise. Thug an Coimisiún dá aire go cuí rogha an GOC staonadh ón deis sin a úsáid, agus dá bhrí sin thug sé dá aire gur iarr an GOC go dtarraingeofaí siar an Tuarascáil gan dul i ngleic lena substaint agus le fianaise. Ar an dara dul síos, maidir le comhoiriúnacht chleachtais imscrúdaithe an Choimisiúin leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, thug an Coimisiún aghaidh go forleathan cheana féin ar argóint an GOC in aithris (54) den Rialachán sealadach, agus san aithris, lena n-áirítear tuairim an Choimisiúin go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ag teacht go hiomlán le hoibleagáidí an Aontais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Mheabhraigh an Coimisiún go bhfágann saobhadh suntasach go bhfuil costais agus praghsanna míchuí sa tír onnmhairithe chun gnáthluach a thógáil agus go bhfágann dlí na hEagraíochta Dhomhanda Trádála, arna léirmhíniú ag an bPainéal EDT agus ag an gComhlacht Achomhairc in DS473, go gceadaítear, i bprionsabal, sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú go cuí nuair atá gá leis an gcoigeartú sin agus nuair a bhíonn bunús leis an gcoigeartú sin.
- (57) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, tharraing CCCME aird ar argóintí a bhain leis an Tuarascáil agus d'athdhearbhaigh sí a tuairimí a cuireadh in iúl roimhe sin nach raibh Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ag luí leis an ADA. Bhí echoed an argóint seo in aighneacht Ghrúpa Fangda. Thacaigh Grúpa Fangda, mar chomhalta de CCCME, go sainráite le tuairim CCCME.
- (58) Maidir leis an Tuarascáil, d'athdhearbhaigh CCCME gur lean an Coimisiún de bheith ag argóint ar bhealach ciorclach, trí dhul ar iontaobh na Tuarascála, inar gá d'onnmhaireoirí na líomhaintí a rinneadh sa Tuarascáil a bhréagnú, ar líomhaintí iad a ullmhaíodh ar chaoi ar bith chun go mbeadh táirgeoirí an Aontais mar bhonn chun imscrúduithe cosanta trádála a thionscnamh agus, sa chás seo, nach luaitear fiú an earnáil atá faoi imscrúdú ann. Mheabhraigh CCCME, dá bhrí sin, gur ar an údarás imscrúdúcháin atá an dualgas cruthúnais.
- (59) Ina theannta sin, d'athdhearbhaigh CCCME a argóint nach bhfuil i bpleananna cúig bliana sa tSín ach treoirdhoiciméid, seachas "dlíthe", "rialacháin" nó "foraitheanta" atá ceangailteach. Chuir CCCME in iúl i ndáil leis sin gurb ann do dhoiciméid threoracha den chineál céanna san Eoraip freisin.
- (7) Leanfaidh an beart speisialta d'fheidhm a bheith aige maidir le soláthairtí earraí agus seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 idir daoine inchánach, arna thabhairt cothrom le dáta agus arna ionadú leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i soláthairtí gnólacht le gnólacht (B2B), agus ní chumhdófar leis an mbeart speisialta ach aistriú bairne leictreonaigh. Leanfaidh an beart speisialta d'fheidhm a bheith aige maidir le gach soláthróir, lena n-áirítear soláthróirí nach bhfuil bunaithe sa Pholainn.
- (8) Deimhníodh sa tuarascáil a chuir an Pholainn isteach go mbaintear torthaí éifeachtacha amach sa chomhrac in aghaidh na calaoise cánach leis an mbeart speisialta le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise.
- (9) Deonaítear údaraithe chun beart speisialta a chur i bhfeidhm go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir leis an gCoimisiún a mheas an bhfuil an beart speisialta iomchuí agus éifeachtach nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 28 Feabhra 2025.
- (10) I bhfianaise raon feidhme leathan an bhirt speisialta, ba cheart don Pholainn, i gcás ina n-iarrann sí síneadh breise leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm, tuarascáil a thíolacadh i ndáil le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt speisialta ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach maidir le, *inter alia*, aisiocaíochtaí CBL, an t-ualach riaracháin agus na costais do dhaoine inchánach.
- (11) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncain cánach a bailíodh ag céim an tomhaltais deiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.
- (12) D'fhonn a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí arna saothrú leis an mbeart speisialta, lena n-áirítear go gcuirfear an beart speisialta i bhfeidhm gan bhriseadh, agus lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an tréimhse chánach, is iomchuí údarú a dheonú chun síneadh a chur leis an mbeart speisialta le héifeacht ón 1 Márta 2022. Ós rud é gur iarr an Pholainn údarú an 26 Iúil 2021 chun leaniúnt den bheart speisialta a chur i bhfeidhm agus go bhfuil an córas dlí a bunaíodh faoina dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón 1 Márta 2022, urramaítear ionchais dhlísteanaigh na ndaoine lena mbaineann mar is cuí.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“I gcás ina measann an Pholainn go bhfuil gá le síneadh a chur leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh sí iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil maidir lena thionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann”.

- (2) in Airteagal 3, an dara mír, cuirtear an dáta “28 Feabhra 2025” in ionad an dáta “28 Feabhra 2022”.
- (3) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

#### *Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Aibreán 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

B. LE MAIRE

---

## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN

**Liosta soláthairtí earraí agus seirbhísí a chumhdaítear le hAirteagal 1**

Beidh feidhm ag Airteagal 1 maidir leis na soláthairtí earraí agus seirbhísí seo a leanas a thuairiscítear de réir Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí (PKWiU 2015)

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
1	05.10.10.0	Antraicít
2	05.20.10.0	Lignít
3	ex 10.4	Olaí agus saille ainmhíocha agus plandúla — ola ráibe go heisiach
4	19.10.10.0	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna; carbón freangáin
5	19.20.11.0	Bricíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual
6	19.20.12.0	Bricíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as lignít
7	ex 20.59.12.0	Eibleachtaí le haghaidh íogru dromhchla lena n-úsáid sa ghrianghrafadóireacht; ullmhóidí ceimiceacha lena n-úsáid sa ghrianghrafadóireacht, nach n-aicmítear in áit ar bith eile - go heisiach tónóirí nach bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha
8	ex 20.59.30.0	Dúch clóscríobhán, dúch líníochna nó dúigh eile - go heisiach cartúis dúigh nach bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha
9	ex 22.21.30.0	Plátaí, leatháin, scannán, scragall, stiallóg agus stiallóga plaisteacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe ná i gcumasc le hábhair eile - go heisiach scragall sínteach
10	24.10.12.0	Fearó-chóimhiotail
11	24.10.14.0	Muciarann agus muciarann scáthánach nó cruach, i bhfoirm gráinníní nó púdair
12	24.10.31.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, atá $\geq$ 600 mm ar leithead
13	24.10.32.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, atá $<$ 600 mm ar leithead
14	24.10.35.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, atá $\geq$ 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
15	24.10.36.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, atá $<$ 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
16	24.10.41.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá fuar-rollta, atá $\geq$ 600 mm ar leithead
17	24.10.43.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail, atá fuar-rollta, atá $\geq$ 600 mm ar leithead, seachas táirgí cruach sileacain leictreonaí
18	24.10.51.0	Earraí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail, atá $\geq$ 600 mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
19	24.10.52.0	Earraí cothromrollta cruach cóimhiotail eile, atá $\geq$ 600 mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
20	24.10.61.0	Barraí agus slata, teo-rollta, atá i gcornaí atá tochraiste go mírialta, de chruach neamh-chóimhiotail



Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
21	24.10.62.0	Barraí agus slata cruach eile, atá gaibhnithe, teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, gan bheith oibrithe seachas sin, lena n-áirítear na cinn a gcuirtear casadh iontu tar éis a rollta
22	24.10.65.0	Barraí agus slata cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, agus atá i gcoraí atá tochraiste go mírialta
23	24.10.66.0	Barraí agus slata cruach cóimhiotail eile, atá gaibhnithe, teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin, lena n-áirítear na cinn a gcuirtear casadh iontu tar éis a rollta
24	24.10.71.0	Cónaisc oscailte cruach neamh-chóimhiotail, atá teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin
25	24.10.73.0	Cónaisc oscailte cruach cóimhiotail eile, atá teorollta, teo-tharraingthe nó easbhrúite, agus gan bheith oibrithe seachas sin
26	24.20.11.0	Píobán líne cruach gan uaim den chineál a úsáidtear le haghaidh píblínite ola nó gáis
27	24.20.12.0	Cásáil, feadánra agus píobán druilire cruach gan uaim, den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil
28	24.20.13.0	Feadáin agus píobáin cruach gan uaim eile, de thrasghearradh ciorclach
29	24.20.31.0	Píobán líne cruach den chineál a úsáidtear le haghaidh píblínite ola nó gáis, atá táthaithe agus arb é $\leq 406,4$ mm a thrastomhas seachtrach
30	24.20.33.0	Feadáin agus píobáin cruach eile, de thrasghearradh ciorclach, atá táthaithe agus arb é $\leq 406,4$ mm a dtrastomhas seachtrach
31	24.20.34.0	Feadáin agus píobáin cruach, a bhfuil trasghearradh neamhchiorclach iontu, atá táthaithe agus arb é $\leq 406,4$ mm a dtrastomhas seachtrach
32	24.20.40.0	Feistis feadáin cruach nó feistis píobáin cruach, nach bhfuil teilgte
33	24.31.10.0	Barraí, uillinneacha, cónaisc agus próifílí soladacha cruach neamh-chóimhiotail, atá fuartharraingthe
34	24.31.20.0	Barraí, uillinneacha, cónaisc agus próifílí soladacha cruach cóimhiotail eile, atá fuartharraingthe
35	24.32.10.0	Táirgí cruach comhréidhe neamhbhrataithe, atá fuar-rollta gan bheith oibrithe seachas sin, atá $< 600$ mm ar leithead
36	24.32.20.0	Táirgí cruach cothromrollta, atá fuar-rollta gan bheith oibrithe seachas sin, atá $< 600$ mm ar leithead, atá cumhdaithe, plátáilte, nó brataithe
37	24.33.11.0	Cónaisc oscailte cruach neamh-chóimhiotail, atá fuarhoirmithe nó fuarhille
38	24.33.20.0	Leatháin easnacha cruach neamh-chóimhiotail
39	24.34.11.0	Sreang chruach neamh-chóimhiotail fuartharraingthe
40	24.41.10.0	Airgead neamshaoirsithe nó airgead i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair
41	ex 24.41.20.0	Ór neamshaoirsithe nó ór i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair, seachas ór infheistíochta de réir bhrí Airteagal 121 den Ghníomh maidir le cáin earraí agus seirbhísí, faoi réir ítim 43
42	24.41.30.0	Platanam neamshaoirsithe nó platanam i bhfoirm leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair
43	gan beann ar an tsiombail PKWiU	Ór infheistíochta de réir bhrí Airteagal 121 den Ghníomh maidir le cáin earraí agus seirbhísí
44	ex 24.41.40.0	Táirmhiotail nó airgead, atá plátáilte le hór, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin - go heisiach airgead, atá plátáilte le hór, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
45	ex 24.41.50.0	Táirmhíotail atá plátáilte le hairgead agus táirmhíotail, airgead nó ór, atá plátáilte le platanam, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin — go heisiach ór agus airgead, atá plátáilte le platanam, atá i bhfoirm leathmhonaraithe gan bheith oibrithe seachas sin
46	24.42.11.0	Alúmanam neamshaoirsithe
47	24.43.11.0	Luaidhe neamshaoirsithe
48	24.43.12.0	Sinc neamshaoirsithe
49	24.43.13.0	Stán neamshaoirsithe
50	24.44.12.0	Copair, neamh-mhínghlanta; anóidí copair le haghaidh mínghlanaidh leictrealaíoch
51	24.44.13.0	Copair mínghlanta agus cóimhíotail chopair, atá neamshaoirsithe; príomh-chóimhíotail chopair
52	24.44.21.0	Púdair agus calóga copair agus a chóimhíotail
53	24.44.22.0	Barraí plánacha, slata, cónaisc agus slat sreinge copair agus a chóimhíotail
54	24.44.23.0	Sreanga copair agus a chóimhíotail
55	24.45.11.0	Nicil neamshaoirsithe
56	ex 24.45.30.0	Míotail agus táirgí neamhfheiriúla eile atá déanta as an ábhar céanna; ceirméid; luaithreach agus iarmhair ina bhfuil míotail agus cumaisc mhíotail — go heisiach fuíoll agus dramhaíl míotail neamhlómhair
57	ex 25.11.23.0	Struchtúir eile agus páirteanna de struchtúir; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna agus a leithéidí, atá déanta as iarann, cruach nó alúmanam — go heisiach iad atá déanta as cruach
58	ex 25.93.13.0	Éadach, gríoscaín, líontán agus fálú iarainn, cruach nó sreinge copair; míotail leata iarainn, cruach nó copair — go heisiach míotail leata cruach
59	ex 26.11.30.0	Ciorcaid iomlánaithe leictreonacha — go heisiach próiseálaithe
60	26.20.1	Ríomhairí agus meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha agus páirteanna agus gabhálais lena n-aghaidh
61	ex 26.20.21.0	Aonaid chuimhne — go heisiach tiomántáin chrua (HDDanna)
62	ex 26.20.22.0	Gairis stórála soladstaide — go heisiach SSDanna
63	ex 26.30.22.0	Gutháin cheallacha nó líonraí eile gan sreang — go heisiach gutháin phóca, lena n-áirítear gutháin chliste
64	26.40.20.0	Glacadóirí teilifíse, bídisí comhcheangailte le glacadóirí craolta raidió nó gairis taifeadta nó atáirgthe fuaimne nó físe nó ná bídisí
65	ex 26.40.60.0	Consóil cluichí físeáin (amhail iad sin a úsáidtear le teilifíseán nó le scáileán neamhspleách) agus fearas eile cluichí físeáin nó cluichí áidh a bhfuil taispeáint leictreonach acu - seachas páirteanna agus gabhálais
66	26.70.13.0	Ceamaraí digiteacha agus ceamthaifeadáin dhigiteacha
67	27.20.2	Taisc-chealla leictreacha agus páirteanna díobh
68	28.11.41.0	Páirteanna le haghaidh innill dócháin inmheánaigh spréach-adhainte, seachas páirteanna le haghaidh innill aerárthaigh
69	ex 28.23.22.0	Páirteanna agus gabhálais le haghaidh meaisíní oifige — go heisiach cartúis dúigh agus cinn phriontála le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha, tónóirí a bhfuil ceann priontála orthu le haghaidh printéirí le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
70	ex 29.31.10.0	Seolta cábla adhainte agus tacair eile sreangaithe de chineál a úsáidtear i bhfeithiclí, in aerárthaí nó in árthaí uisce – go heisiach seolta cábla adhainte agus tacair eile sreangaithe de chineál a úsáidtear i bhfeithiclí
71	29.31.21.0	Spréachphlocóidí; maigneatónna adhainte; maigneató-dineamónna; rotha lústair maighnéadacha; dáileoírí; cornaí adhainte
72	29.31.22.0	Mótair dhúisithe agus gineadóirí dúisithe dhá fheidhm; gineadóirí eile agus trealamh eile le haghaidh innill dhócháin
73	29.31.23.0	Trealamh comharthaíochta leictreach, gaothscáth, díreoáin agus dínéaltóirí le haghaidh mótarfheithiclí
74	29.31.30.0	Páirteanna de threalamh leictreach eile le haghaidh mótarfheithiclí
75	29.32.20.0	Criosanna suíocháin slándála, málaí aeir agus páirteanna agus gabhálaí cabhlacha
76	29.32.30.0	Páirteanna agus gabhálaí le haghaidh mótarfheithiclí nach n-aicmítear in áit ar bith eile, seachas gluaisrothair
77	30.91.20.0	Páirteanna agus gabhálaí gluaisrothar agus taobhcharranna
78	ex 32.12.13.0	Seodra agus seodra eile mar aon le páirteanna díobh, atá déanta as miotas lómhar nó atá plátáilte le miotal lómhar - go heisiach páirteanna de sheodra agus páirteanna de sheodra óir, airgid agus platanaím eile, i.e. seodra neamhchríochnaithe nó neamhiomlán agus páirteanna sonracha de sheodra, lena n-áirítear páirteanna atá cumhdaithe nó plátáilte le miotal lómhar
79	38.11.49.0	Feithiclí, ríomhairí, teilifíseáin agus gairis athlámhe eile atá beartaithe lena ndíúscairt
80	38.11.51.0	Dramhaíl ghloine
81	38.11.52.0	Dramhaíl pháipéir agus chairtchláir
82	38.11.54.0	Dramhaíl eile rubair
83	38.11.55.0	Dramhaíl phlaistigh
84	38.11.58.0	Dramhaíl ina bhfuil miotal seachas dramhaíl ghuaiseach
85	38.12.26.0	Dramhaíl ghuaiseach mhiotail
86	38.12.27	Dramhaíl agus cealla leictreacha agus taisc-chealla lochtacha; cealla galbhánacha agus ceallraí agus taisc-chealla leictreacha atá ídithe
87	38.32.2	Amhábhair tánaisteacha mhiotail
88	38.32.31.0	Amhábhair tánaisteach gloine
89	38.32.32.0	Amhábhair tánaisteach páipéir agus cairtchláir
90	38.32.33.0	Amhábhair tánaisteach plaistigh
91	38.32.34.0	Amhábhair tánaisteach rubair
92		Peitreal, díosal, ola, gás breosla — de réir bhrí na bhforálacha maidir le dleacht mháil
93		Ola théite agus ola bhealaithe — de réir bhrí na bhforálacha maidir le dleacht mháil
94	ex 58.29.11.0	Pacáistí bogearraí le haghaidh córais oibriúcháin — go heisiach SSD
95	ex 58.29.29.0	Pacáistí bogearraí eile — go heisiach SSDanna
96	ex 59.11.23.0	Físeáin eile agus fístaiifeadtaí ar dhioscaí, téipeanna maighnéadacha agus meáin chomhchosúla — go heisiach SSDanna

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
97	gan beann ar an tsiombail PKWiU	Seirbhísí aistrithe lamháltas astaíochtaí GCT dá dtagraítear sa Ghníomh an 12 Meitheamh 2015 maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (Irisleabhar Oifigiúil 2021, ítim 332)
98	41.00.3	Obair foirgníochta ar fhoirgnimh chónaithe (oibreacha maidir le foirgnimh nua a thógáil, foirgnimh atá ann cheana a atógáil nó a athchóiriú)
99	41.00.4	Obair foirgníochta ar fhoirgnimh neamhchónaithe (oibreacha maidir le foirgnimh nua a thógáil, foirgnimh atá ann cheana a atógáil nó a athchóiriú)
100	42.11.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil mótarbhealaí, bóithre, sráideanna agus bóithre eile le haghaidh feithiclí agus coisithe agus le tógáil rúidbhealaí
101	42.12.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil iarnród agus íosbhealaí
102	42.13.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil droichead agus tollán
103	42.21.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil píblínte tarchuir
104	42.21.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil líonraí dáileacháin, lena n-áirítear oibreacha cúnta
105	42.21.23.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil córas uisciúcháin (séaraigh), línte bus agus uisce, saoráidí le haghaidh cóireáil uisce agus cóireáil séarachais agus stáisiún caidéal
106	42.21.24.0	Oibreacha a bhaineann le toibreacha agus iontógálacha uisce a dhruileáil agus dabhcha séarachais a shuiteáil
107	42.22.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil línte tarchurtha teileachumarsáide agus cumhachta
108	42.22.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil línte dáileacháin teileachumarsáide agus cumhachta
109	42.22.23.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil stáisiún cumhachta
110	42.91.20.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil calaí, calafort, dambaí, loc agus saoráidí hidrithicniúla gaolmhara
111	42.99.21.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil saoráidí táirgeachta agus saoráidí mianadóireachta
112	42.99.22.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil staideanna agus páirceanna spóirt
113	42.99.29.0	Oibreacha foirgníochta ginearálta a bhaineann le tógáil struchtúr innealltóireachta sibhialta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
114	43.11.10.0	Oibreacha a bhaineann le foirgnimh a scartáil
115	43.12.11.0	Oibreacha a bhaineann leis an láithreán a ullmhú le haghaidh foirgníochta, seachas oibreacha créafóige
116	43.12.12.0	Oibreacha créafóige: tochailt, tochailt díog agus jabanna crécharta
117	43.13.10.0	Oibreacha a bhaineann le tochailt agus le druileáil innealltóireachta geolaíche
118	43.21.10.1	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha sábháilteachta leictreacha a chur i gcrích
119	43.21.10.2	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha leictreacha eile a chur chun feidhme
120	43.22.11.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha pluiméireachta agus draenála a chur i gcrích
121	43.22.12.0	Oibreacha a bhaineann le córais téimh, aerála agus aerchóiriúcháin a chur i gcrích

Ítim	PKWiU 2015	Ainm na n-earraí (grúpa earraí)/na seirbhísí (grúpa seirbhísí)
122	43.22.20.0	Oibreacha a bhaineann le suiteálacha gáis a chur i gcrích
123	43.29.11.0	Obair inslithe
124	43.29.12.0	Sconsaí a shuiteáil
125	43.29.19.0	Oibreacha suiteála eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
126	43.31.10.0	Oibreacha plástrála
127	43.32.10.0	Obair shuiteála le haghaidh na siúinéireachta
128	43.33.10.0	Oibreacha a bhaineann le hurláir a leagan agus le héadan a chur ar bhallaí
129	43.33.21.0	Oibreacha a bhaineann le terrazzo, marmar, eibhear nó slinn a leagan ar urláir agus ar bhallaí
130	43.33.29.0	Oibreacha eile a bhaineann le hurláir a leagan agus le ballaí (lena n-áirítear páipéar balla a chrochadh) nach n-aicmítear in áit ar bith eile
131	43.34.10.0	Oibreacha péinteála
132	43.34.20.0	Oibreacha déanta gloine
133	43.39.11.0	Oibreacha a bhaineann leis an maisiúchán
134	43.39.19.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha críochnaithe eile a chur i gcrích nach n-aicmítear in áit ar bith eile
135	43.91.11.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir dín a thógáil
136	43.91.19.0	Oibreacha a bhaineann le hobair dín eile
137	43.99.10.0	Oibreacha a bhaineann le hinsliú taisdionach agus uiscdhíonach a shuiteáil
138	43.99.20.0	Oibreacha a bhaineann le scafall a chóimeáil agus a dhíchóimeáil
139	43.99.30.0	Oibreacha a bhaineann le dúshraitheanna a thógáil, lena n-áirítear píllí a shá
140	43.99.40.0	Oibreacha coincréite
141	43.99.50.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir mhiotail a thógáil
142	43.99.60.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir bhríce agus chloiche a thógáil
143	43.99.70.0	Oibreacha a bhaineann le struchtúir réamhdhéanta a chóimeáil agus a thógáil
144	43.99.90.0	Oibreacha a bhaineann le hoibreacha speisialaithe eile a dhéanamh nach n-aicmítear in áit ar bith eile
145	45.31.1	Seirbhísí trádála le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
146	45.32.1	Seirbhísí trádála miondíola siopaí speisialaithe le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
147	45.32.2	Seirbhísí trádála miondíola eile le haghaidh páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí, seachas gluaisrothair
148	ex 45.40.10.0	Seirbhísí trádála mórdhíola gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálás gaolmhar — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a dhíol
149	ex 45.40.20.0	Seirbhísí trádála miondíola siopaí gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálás gaolmhar — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a dhíol
150	ex 45.40.30.0	Seirbhísí trádála miondíola eile le haghaidh gluaisrothar agus páirteanna gaolmhara agus gabhálais ghaolmhara — go heisiach páirteanna agus gabhálais le haghaidh gluaisrothar a mhiondíol.”

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/560 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 31 Márta 2022**

**lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1891)*

**(An téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3) agus Airteagal 23(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Údaraíodh le Cinneadh 2011/354/AE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614. Cumhdaítear le raon feidhme an údaráithe sin freisin táirgí seachas bia agus beatha a chur ar an margadh ach ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe GHB614, le haghaidh na húsáide céanna le cadás ar bith eile, cé is moite de shaothrú.
- (2) An 22 Aibreán 2020, thar ceann BASF Agricultural Solutions Seed US LLC atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, chuir BASF SE, cuideachta atá lonnaithe sa Ghearmáin, iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, maidir leis an údarú sin a athnuachan.
- (3) An 7 Iúil 2021, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) tuairim eolaíoch fhabhrach <sup>(3)</sup> i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh fianaise san iarratas ar athnuachan ar aon ghuais nua, nochtadh modhnaithe nó éiginnteachtaí eolaíocha a d'athródh conclúidí an mheasúnaithe riosca bunaidh ar chadás géinmhodhnaithe GHB614, rud a ghlac an tÚdarás in 2009 <sup>(4)</sup>.
- (4) Ina thuairim eolaíoch, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar inní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (5) An plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil a chur an t-iarratasóir isteach, arb é atá ann plean faireachais ginearálta, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil an plean sin i gcomhréir le húsáidí beartaithe na dtáirgí.

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2011/354/AE ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2011 lena n-údaraitear táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614 (BCS-GHØØ2-5) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 160, 18.6.2011, lch. 90).

<sup>(3)</sup> Painéal GMO EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2021. “Scientific Opinion on the assessment of genetically modified cotton GHB614 for renewal authorisation under Regulation (EC) No 1829/2003 (application EFSA-GMO-RX-018)” [“Tuairim Eolaíoch ar an measúnú ar chadás géinmhodhnaithe GHB614 maidir le húdarú a athnuachan faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-RX-018)”]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(7):6671, 12 lgh.; <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6671>.

<sup>(4)</sup> Painéal GMO EFSA, 2009. “Scientific Opinion of the Panel on Genetically Modified Organisms on an application (Reference EFSA-GMO-NL-2008-51) for the placing on the market of glyphosate tolerant genetically modified cotton GHB614, for food and feed uses, import and processing under Regulation (EC) No 1829/2003 from Bayer CropScience” [“Tuairim Eolaíoch an Phainéil um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe ar iarratas (Tagairt EFSA-GMO-NL-2008-51) ó Bayer CropScience chun cadás géinmhodhnaithe GHB614 atá frithsheasmhach in aghaidh gliofosáite a chur ar an margadh, lena úsáid i mbia agus beatha, lena allmhairiú agus lena phróiseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2009;7(3):985, 24 lgh.; <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2009.985>.

- (6) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir leis an údarú chun bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614, agus chun táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe GHB614 le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú, ba cheart an t-údarú sin a athnuachan.
- (7) I gcomhthéacs a údaraithe tosaigh le Cinneadh 2011/354/AE, tá aitheantóir uathúil sannta do chadás géinmhodhnaithe GHB614, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>. Ba cheart leanúint den aitheantóir uathúil sin a úsáid.
- (8) Maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, dhealródh sé nach gá aon cheanglas lipéadaithe sonracha, seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>. Mar sin féin, chun a áirithiú go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe GHB614 laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart a léiriú go soiléir ar lipéadú na dtáirgí sin, cé is moite de bhia agus comhábhair bia, nach bhfuil siad ceaptha le haghaidh saothrú.
- (9) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>.
- (10) Ní thugann tuairim an Údarais údar le coinníollacha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh le haghaidh úsáide agus láimhseála, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iar-mhargaidh i ndáil le bia agus beatha a thomhailt, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB614, nó maidir le héiceachórais/comhshaoil nó limistéir gheografacha áirithe a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(e) agus Airteagal 18(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (11) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (12) Tá an Cinneadh seo le fógartar trí Theach Imréitigh na Bitshábháilteachta do na Páirtithe i bPrótocal Cartagena ar an mBitshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>.
- (13) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Cadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum*) GHB614, mar a shonraítear i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sanntar an t-aitheantóir uathúil BCS-GHØØ2-5 dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh d'orgánaigh géinmhodhnaithe (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

<sup>(7)</sup> Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí tuairiscithe caighdeánacha maidir le cur i láthair thorthaí an fhaireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaoil, mar tháirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

<sup>(8)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

*Airteagal 2***Athnuachan an údaraithe**

An t-údarú chun na táirgí seo a leanas a chur ar an margadh, déantar é a athnuachan i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

- (a) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5;
- (b) beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5;
- (c) táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointe (a) agus pointe (b), cé is moite de shaothrú.

*Airteagal 3***Lipéadú**

1. Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é “cadás” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”.
2. Beidh na focail “níltear le saothrú” ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

*Airteagal 4***An modh braite**

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5 a bhrath.

*Airteagal 5***Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go gcuirfeadh i bhfeidhm agus go gcuirfeadh chun feidhme an plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn.
2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe faoi bhráid an Choimisiúin tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

*Airteagal 6***An clár Comhphobail**

Déanfar an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 7***Sealbhóir an údaraithe**

Is é BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, na Stáit Aontaithe, atá á ionadú san Aontas ag BASF SE, an Ghearmáin, sealbhóir an údaraithe.

*Airteagal 8***Bailíocht**

Beidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.



*Airteagal 9***Seolaí**

Is chuig BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, na Stáit Aontaithe, cuideachta atá á hionadú san Aontas ag BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063 Ludwigshafen, an Ghearmáin, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

Ainm: BASF Agricultural Solutions Seeds US LLC

Seoladh: 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, na Stáit Aontaithe

Atá á ionadú san Aontas ag: BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063, Ludwigshafen, an Ghearmáin.

(b) **Ainmníocht agus sonraíocht na dtáirgí:**

- (1) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5;
- (2) beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5;
- (3) táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointe (1) agus pointe (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn an cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5 an ghéin *2mEPSPS*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar an ngliofosáit.

(c) **Lipéadú:**

- (1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is e “cadás” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”;
- (2) Beidh na focail “nílítear le saothrú” ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta de chadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **An modh braite:**

- (1) Modh teagmhas-shonrach maidir le cadás géinmhodhnaithe BCS-GHØØ2-5 a chainníochtú trí úsáid a bhaint as PCR fíor-ama;
- (2) Arna bhailíochtú ag Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag <http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx>;
- (3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 1108 agus 0306 le fáil tríd an American Oil Chemists Society ag <https://aocs.org/tech/crm>.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

BCS-GHØØ2-5

(f) **An fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: arna foilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a thabharfar fógra ina leith].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní theastaítear.

(h) **Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil:**

Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

[Nasc: *plean arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iar-mhargaidh maidir le húsáid an bhia mar bhia don duine:**

Ní theastaítear.

*Nóta:* d'fhéadfadh sé gur ghá naisc chuig doiciméid ábhartha a mhodhnú le himeacht ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal tríd an gclár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

---

<sup>(1)</sup> Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

# MOLTAÍ

## MOLADH (AE) 2022/561 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Aibreán 2022

maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreach na ngliocalcalóideach i bprátaí agus i dtáirgí a dhíorthaítear ó phrátaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (Contam) measúnú riosca in 2020 ar ghliocalcalóidigh i mbeatha agus i mbia, go háirithe i bprátaí agus i dtáirgí a dhíorthaítear ó phrátaí <sup>(1)</sup>.
- (2) I ndaoine, áirítear siomptóim ghastraistéigeacha amhail masmas, urlacan agus buinneach ar ghéaréifeachtaí tocsaineacha na ngliocalcalóideach prátaí ( $\alpha$ -solainín agus  $\alpha$ -cacoinín). Maidir leis na héifeachtaí sin, shainithin Painéal Contam an leibhéal is ísle ar braitheadh éifeacht dhíobhálach aige (LOAEL), leibhéal arb é 1 mg de chion iomlán na ngliocalcalóideach prátaí/kg de mheáchan coirp (bw) in aghaidh an lae mar phointe tagartha don tréithriú riosca tar éis géarnochta. Léiríonn corrlach nochta (MOE) níos airde ná 10 nach bhfuil aon ábhar inní sláinte ann. Leis an MOE 10 sin, cuirtear san áireamh eachtarshuíomh ó LOAEL go dtí dáileog gan éifeacht dhíobhálach bhraite (NOAEL) (fachtóir 3) agus an inathraitheacht idirdhealaitheach i dtocsainidimic (fachtóir 3,2). Ós rud é go raibh MOE níos ísle ná 10 mar thoradh ar mheastacháin ghéarnochta i gcásanna nochta áirithe, léirítear go bhfuil údar inní sláinte ann.
- (3) Mhol Painéal Contam gur cheart níos mó sonraí minicíochta a bhailiú ar ghliocalcalóidigh agus ar a n-aiglicóin sna cineálacha prátaí atá ar fáil ar an margadh, i gcineálacha prátaí nua a eascraíonn as turgnaimh phóirúcháin agus i dtáirgí prátaí próiseáilte, lena n-áirítear bianna do naíonáin.
- (4) Is féidir le dea-chleachtais talmhaíochta, dálaí maithe stórála agus iompair agus dea-chleachtais mhonaraíochta laghdú a dhéanamh ar ghliocalcalóidigh i bprátaí agus i dtáirgí próiseáilte prátaí. Ní mór tuilleadh faisnéise a bhailiú, áfach, maidir leis na tosca as a n-eascraíonn leibhéil sách ard gliocalcalóideach i bprátaí agus i dtáirgí prátaí próiseáilte chun go mbeifear in ann na bearta atá le glacadh a shainithint chun láithreach na ngliocalcalóideach sna hearraí bia sin a sheachaint nó a laghdú. Más féidir, is iomchuí anailís a dhéanamh ar na táirgí díghrádúcháin  $\beta$ - agus  $\gamma$ - solainín agus cacoinín agus ar an aiglicóin solainidín, i dtáirgí prátaí próiseáilte go háirithe, ós rud é go mbíonn an tocsaineacht chéanna ag na comhdhúile sin agus atá ag  $\alpha$ -solainín agus  $\alpha$ -cacoinín.
- (5) Ní mór torthaí an fhaireacháin ar ghliocalcalóidigh a bheith iontaofa agus inchomparáide. Dá bhrí sin, is iomchuí treoracha a thabhairt maidir lena n-eastóscadh chomh maith leis na ceanglais maidir le hanailís a dhéanamh orthu. Ós rud é go bhfuil láithreach níos airde gliocalcalóideach i bprátaí neamhscafa ná mar atá i bprátaí scafa, agus láithreach níos airde i bprátaí beaga ná mar atá i bprátaí móra, tá sé tábhachtach faisnéis ar na fachtóirí sin a chur ar fáil agus sonraí minicíochta á dtuairisciú.
- (6) Chun comhairle a thabhairt maidir le cén uair a bheadh sé oiriúnach na fachtóirí a aithint as a n-eascraíonn leibhéil sách ard gliocalcalóideach, is iomchuí luach tásach a bhunú do phrátaí. Is iomchuí freisin tuilleadh faisnéise a fháil maidir le héifeachtaí na próiseála ar an leibhéal gliocalcalóideach.

<sup>(1)</sup> Painéal Contam an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (Painéal maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia), 2020. Tuairim Eolaíoch – Measúnú riosca ar ghliocalcalóidigh i mbeatha agus i mbia, go háirithe i bprátaí agus i dtáirgí a dhíorthaítear ó phrátaí. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(8):6222, 190 lgh. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6222>

- (7) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí monatóireacht ar ghliocalcalóidigh i bprátaí agus i dtáirgí prátaí agus na fachtóirí a mbeadh a leibhéil arda mar thoradh orthu a shainaithint, agus tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir le héifeachtaí na próiseála ar an leibhéal gliocalcalóideach,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

- (1) Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil baint ghníomhach ag oibreoirí gnó bia leo faireachán a dhéanamh ar ghliocalcalóidigh  $\alpha$ -solainín agus  $\alpha$ -cacoínín i bprátaí agus i dtáirgí prátaí. Más féidir, ba cheart anailís a dhéanamh freisin ar na táirgí díghrádúcháin  $\beta$ - agus  $\gamma$ - solainín agus cacoínín agus ar an aigliocón solainidín, go háirithe i dtáirgí prátaí próiseáilte.
- (2) Chun díghrádú einsímeach  $\alpha$ -cacoínín a chosc, go háirithe agus anailís á déanamh ar phrátaí amha (neamhscafa/scafa), ba cheart tuaslagán 1 % d'aigéad formach i meatánól a chur leis na prátaí i gcóimheas 1:2 (toirt:meáchan) nuair a dhéantar iad a chumasc agus a homaiginiú roimh an eastóscadh agus glanadh. Is iad na modhanna anailíse atá molta crómatagrafaíocht leachta le brath eagair fótaidhé-óidí ultraivialait (LC-UV-DAD) nó speictriméadracht crómatagrafaíochta leachta (LC-MS). Is féidir modhanna anailíse eile a chur i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil fianaise ar fáil a léiríonn go ngineann siad torthaí iontaofa le haghaidh gliocalcalóidigh aonair. B'fhearr go mbeadh an teorainn cainníochtaithe (LOQ) chun gach gliocalcalóideach a chinneadh timpeall 1 mg/kg agus gan bheith níos airde ná 5 mg/kg.
- (3) Ba cheart do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach na n-oibreoirí gnó bia, imscrúduithe a dhéanamh chun na fachtóirí a shainaithint as a n-eascaíonn leibhéil os cionn an leibhéil tháscaigh de 100 mg/kg mar shuim  $\alpha$ -solainín agus  $\alpha$ -cacoínín i bprátaí agus i dtáirgí prátaí próiseáilte.
- (4) Ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnó bia, faoin 30 Meitheamh gach bliain, na sonraí le haghaidh na bliana roimhe sin a sholáthar do EFSA lena dtiomsú i mbunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais Threoir EFSA maidir le Tuairiscíú Caighdeánach ar Shamplaí (SSD) le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise ó EFSA <sup>(2)</sup>. I gcás prátaí agus táirgí prátaí próiseáilte, tá sé tábhachtach go dtuairisceofaí an cineál prátaí agus méid na bprátaí (meánmheáchan na bprátaí, go háirithe i gcás prátaí neamhscafa), cé acu an prátaí luatha nó prátaí stórála iad (i.e. prátaí aibí agus/nó prátaí a stóráiltear thar thréimhse ama níos faide), an áit samplála (táirgeoir, mórdhíol, miondhíol) agus cé acu a scamhadh na prátaí nó nár scamhadh <sup>(3)</sup>.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Stella KYRIAKIDES  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(2)</sup> <https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0>

<sup>(3)</sup> Ba cheart tástálacha ar an éifeacht a bhíonn ag an scamhadh ar a bhfuil i ngliocalcalóidigh a dhéanamh le scamhaire (prátaí).

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 21 an 31 Eanáir 2022)

Ar leathanach 181, in Iarscríbhinn III, pointe (f):

*in ionad:* “(f) Deiseanna iascaireachta don séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) agus don séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) in Oileán na Corsaice, sa Mhuir Liogúrach, sa Mhuir Thoirian agus in Oileán na Sairdíne (FLGanna 8-9-10-11) arna sloinneadh mar uasleibhéal gabhálacha i dtónaí beomheáchain

Speiceas:	An séacla gorm agus dearg ( <i>Aristeus antennatus</i> )	Limistéar:	GSA 9-10-11 (ARA/GF9-11)
An Spáinn	0		
An Fhrainc	9		
An Iodáil	250		
An tAontas	259		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		Uasleibhéal gabhálacha

Speiceas:	An séacla mór dearg ( <i>Aristaeomorpha foliacea</i> )	Limistéar:	GSA 8-9-10-11 (ARS/GF9-11)
An Spáinn	0		
An Fhrainc	5		
An Iodáil	365		
An tAontas	370		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		Uasleibhéal gabhálacha”.

*léitear:* “(f) Deiseanna iascaireachta don séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) agus don séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) in Oileán na Corsaice, sa Mhuir Liogúrach, sa Mhuir Thoirian agus in Oileán na Sairdíne (FLGanna 8-9-10-11) arna sloinneadh mar uasleibhéal gabhálacha i dtónaí beomheáchain

Speiceas:	An séacla gorm agus dearg ( <i>Aristeus antennatus</i> )	Limistéar:	GSA 8-9-10-11 (ARA/GF8-11)
An Spáinn	0		
An Fhrainc	9		
An Iodáil	250		
An tAontas	259		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		Uasleibhéal gabhálacha

Speiceas:	An séacla mór dearg ( <i>Aristaeomorpha foliacea</i> )	Limistéar:	GSA 8-9-10-11 (ARS/GF8-11)
An Spáinn	0		
An Fhrainc	5		
An Iodáil	365		
An tAontas	370		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		Uasleibhéal gabhálacha”.

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2195 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 4451 an 13 Nollaig 2021)*

An teideal i gclár na n-ábhar agus an teideal ar leathanach 10:

*in ionad:* “Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2195 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine”,

*léitear:* “Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2195 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine”.

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)